

Clár Ábhar

BROLLACH ÓN UACHTARÁN	2
2023-2024: FIGIÚIRÍ NA BLIANA	3
BARR FEABHAIS SA TAIGHDE	6
GNÓTHAÍ ACADÚLA & SAOL NA MAC LÉINN.....	14
BARR FEABHAIS SA TEAGASC & SAN FHOGHLAIM	21
FORBAIRT AN CHAMPAIS & INBHUANAITHEACT.....	25
FOR-ROCHTAIN, RANNPHÁIRTÍOCHT & TIONSCNAIMH PHOBAIL.....	28
COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & IONCHUIMSIÚ	31
RANNPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA	36
RIALACHAS & STRAITÉIS.....	38
FORBHREATHNÚ AIRGEADAIS 2023/24	45
SÚIL CHUN CINN: PLEANÁIL STRAITÉISEACH LE hAGHAIDH 2030	48
AGUISÍN A	49
AGUISÍN B	51

BROLLACH ÓN UACHTARÁN

"Believe that a further shore is reachable from here."
—Seamus Heaney, *The Cure at Troy*

Is onóir mhóir dom cur leis an réamhrá seo mar an tUachtarán nua ar Choláiste Mhuire Gan Smál. Cé nár agamsa an phribhléid an Coláiste a stiúradh trí bhliain acadúil 2023-2024, is le mórmheas a aithním na gaiscí iontacha a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá na gaiscí seo ina dtoradh ar mhothú an tiomantais, an chomhoibrithe, agus ar an gcuspóir comhroinnte ar saintréithe de sprid CMGS iad.

Tá léiriú i dtuarascáil na bliana seo ar thréimhse urghnách i saol an Choláiste: bronnadh níos mó ná 2,000 céimí, rinneadh gaiscí suntasacha ar fud chomhpháirteanna uile an éiceachórais taighde, comhar áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus raon leathan tionscnamh a bhfuil tionchar acu ar fud an teagaisc, na rannpháirtíochta, an ionchuimsithe agus an bhonneagair. Bhí rath ar an gColáiste maidir le cead pleanála a fháil do leabharlann nua chlaohlaitheach, rinneadh forbairt bhreise ar chonairí oideachais cuimsitheacha agus idirnáisiúnta, agus dearbhaíodh barr feabhais trí athbhreithnithe institiúideacha ar leibhéal na gclár, agus níl sa mhéid sin ach roinnt bheag de roinnt mhaith buaicphointí suntasacha.

Is léiriú iad na gaiscí agus na torthaí sin ar cheannaireacht eisceachtúil mo réamhtheachtaí, an tOllamh Eugene Wall, a chuaigh ar scor i mí Lúnasa 2024 tar éis níos mó ná daichead bliain de sheirbhís thiomnaithe a dhéanamh le haghaidh CMGS. Bhain fíis straitéiseach, tiomantas daingean don cheartas sóisialta, agus creideamh diongbháilte i gcumhacht chlaohlaitheach an oideachais. Faoina threoir, leathnaigh an Coláiste a mhisean, neartaíodh a phróifíl acadúil, agus leathnaigh sé a thionchar ar bhonn náisiúnta agus domhanda. Ní haon áibhéil é a rá go bhfuil coláiste againn anois atá níos láidre, níos muiníní agus níos dírithe ar an todhchaí mar gheall ar a mhaoirseacht.

Glacaim an tóirse sa tuiscint go bhfuil an bealach romhainn spreagúil agus dian. Tá na dúshláin atá roimh an mbreisoideachas casta, ach mar a léirítear go soiléir sa tuarascáil mhionsonraithe seo, tá CMGS níos mó ná cothrom leis an gcúram. Ní athléimneacht amháin a léiríonn ár bpobal, ach misneach agus samhlaíocht - cáilíochtaí atá fíor-riachtanach agus an chéad chéim eile dár n-aistear comhroinnte á déanamh amach againn.

Molaim an Tuarascáil Bhliantúil seo daoibh mar thaifead ar institiúid a bhfuil ionracas ag baint lena rath, lena seirbhís agus lena ceannaireacht.

An tOllamh Dermot Nestor



Uachtarán | Coláiste Mhuire gan Smál

RÉAMHRÁ

Ba chaibidil an-suaithinseach í an bhliain acadúil 2023-2024 i stair iomráiteach Choláiste Mhuire Gan Smál. Nuair a rinneamar 125 bliana den choláiste a cheiliúradh, léirigh an Coláiste in athuair go bhfuil sé ar cheann de mhórinstitiúidí oideachais agus saorealaíon na hÉireann sa mhéid is go mbaineann sé amach clochmhílte suntasacha ar léiriú iad ar ár dtiomantas leanúnach don fheabhas, don nuálaíocht, agus don cheartas sóisialta.

I mbliana, rinneadh éachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i ngach gné dár misean institiúideach. Rinne ár bpobal taighde obair cheannródaíoch a bhain aitheantas idirnáisiúnta amach, idir an staidéar is cuimsithí ar oideachas Caitliceach in Éirinn ó bunaíodh an stát agus tionscnaimh cheannródaíocha oideachais maidir leis an athrú aeráide a mhúnlóidh beartas agus cleachtas ar fud na tíre. Níorbh aon éacht aonair céim a bhronnadh ar bheagán os cionn 2,000 céimí i mí Dheireadh Fómhair 2023, ach ba léiriú uileghabhálach é ar chumhacht chlaochlaitheach an oideachais, cumhacht is saintréith de CMGS le breis agus céad bliain anuas.


Dearbhú láidir ar ár dtiomantas don fheabhas acadúil ab ea dianphróisis athbhreithnithe sheachtraigh. Na torthaí thar a bheith dearfach ónár bpainéal institiúideach um athbhreithniú cáilíochta, an t-athchreidiúnú rathúil a rinne an Chomhairle Múinteoireachta ar gach ceann den 11 chlár oideachais tosaigh do mhúinteoirí, agus an t-aitheantas a thugtar dár mbarr feabhais sa taighde trí ghradaim agus comhaltachtaí mór le rá, léiríonn siad uile cáil eisceachtúil ár bpobail acadúil.

Bhí forbairt bonneagair níos airde ná riamh nuair a deonaíodh cead pleanála dár dtionscadal leabharlainne claochlaitheach-forbairt a bheidh ina heiseamláir foghlama do na glúnta atá le teacht. Trí shaoráidí spóirt breise a fháil agus trí fheabhas leanúnach a chur ar champais Luimnigh agus Thurles araon, léirítear ár dtiomantas saoráidí den chéad scoth a chur ar fáil dár bpobal mac léinn atá ag dul i méid.


B'fhéidir níos suntasaí fós, i mbliana tháinig méadú leanúnach ar ár dtionchar lasmuigh de gheataí an champais. Is léiriú ar ár dtiomantas don cheartas sóisialta i mbun gnímh gur seoladh Ionad Náisiúnta Nasc Cathrach Éireann, ár gcomhpháirtíocht cheannródaíoch le Coláiste Bhostúin a thugann idirghabhálacha oideachais fianaisebhunaithe do phobail leochaileacha. Tháinig borradh faoinár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, idir ár gcomhar le hoideoirí na Brasaíle tríd an gclár CAPES agus ár gcaidreamh le hollscoileanna ceannródaíocha ar fud na Stát Aontaithe, na hEorpa agus níos faide i gcéin a dhoimhniú.


An méid a baineadh amach ar fud na tuarascála seo, cibé acu i dtionscnaimh chomhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe, rannpháirtíocht idirnáisiúnta, for-rochtain phobail, nó nuálaíocht acadúil, tiomantas agus barr feabhais ár bhfoirne, is léiriú é ar ár mac léinn agus ar phobal níos leithne an choláiste. Ní hamháin gur ceiliúradh ar ár n-oidhreacht 125 bliana iad, ach is bunús muiníneach iad don aistear spreagúil atá romhainn.

2023-2024: FIGIÚIRÍ NA BLIANA





Total 1st Year PG Students (581)





Líon na Mac Léinn ar Bronnadh Céim Orthu





BARR FEABHAIS SA TAIGHDE

Leanann Coláiste Mhuire Gan Smál dá sheasamh mar institiúid a dhéanann taighde agus a bhfuil seasamh náisiúnta agus idirnáisiúnta aici a dhearbhuí, agus é de mhisean aici eolas a ghiniúint atá claochlaitheach, rannpháirteach agus fréamhaithe go domhain i luachanna an Choláiste maidir le dínit an duine, barr feabhais oideachais agus ceartas sóisialta. Sa bhliain acadúil 2023–24, chonacthas táirgiúlacht taighde eisceachtúil ar fud na ndámh uile, rud a léiríonn cultúr láidir scolártha agus bonneagar taighde atá ag teacht in aibíocht a thacaíonn le ceannaireacht intleachtúil mharthanach.

Timpeallacht Taighde Ard-Fheidhmíochta

Le linn na bliana acadúla 2023-24, tháirg taighdeoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál níos mó ná 440 aschur scolártha, rud a léiríonn timpeallacht taighde bhríomhar ildisciplíneach. Chuimsigh siad sin ailt irise phiarmheasúnaithe, monagraif údaraithe agus eagarthóireachta, caibidlí leabhar léinn, tuarascálacha taighde coimisiúnaithe, agus cuir i láthair, a cuireadh i láthair trí fhóiraim acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'éascair na haschuir ó Dhámh an Oideachais, ó Scoil an Oideachais i nDurlas agus ó Dhámh na nEalaíon araon. I nDámh na nEalaíon, mar shampla, bhí saothar piarmheasúnaithe le feiceáil in irisí ar nós Geographical Journal agus Electronic

Journal of Combinatorics, ina léirítear sruthanna taighde tíreolaíochta agus matamaitice, agus i

measc an ábhair eile bhí foilseacháin maidir le litríocht na hÉireann, stair na hÉireann, fiosrúchán fealsúnachta, fiosrúchán maidir le torann agus comhfhiosacht, agus ceoleolaíocht. Ar an gcaoi chéanna, cumhdaíodh le haschuir Dhámh an Oideachais réimsí idir an smaointeoireacht chriticiúil agus oideolaíocht dhigiteach, an fholláine, cleachtas cuimsitheach, rannpháirtíocht ETIM, Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, agus féiniúlacht múinteoirí — lena léirítear an t-idirghníomhú idir cleachtas gairmiúil agus scoláireacht bhunaidh. Tá raon iomlán na n-aschur taighde ar fáil anois laistigh de PURE, príomhbhunachar sonraí CRIS, agus tá sé go hiomlán inchuadaithe ansin agus trí CRIS an Choláiste féin, 'MIRIS,' a forbraíodh le linn na bliana tuairiscithe.

Leis an leithead sin ar fud na gclár gairmiúil, iad bunaithe ar dhianstaidéar acadúil, leagtar béim ar ról déach CMGS mar institiúid breisoideachais a dhéanann taighde agus ar gineadóir eolais praitice, rud a chuireann go substaintiúil leis an dul chun cinn acadúil, leis an dioscúrsa poiblí, agus le haistriú eolais atá dírithe ar an bpobal.

Is saintréith de thaighde CMGS é **an pháirt a ghlacann sé i líonraí acadúla gairmiúla**, agus aschuir le feiceáil in irisí ardcháilíochta piarmheasúnaithe amhail *Léann Oideachais na hÉireann*, *Cúram Póstaeir san Oideachas*, *Frontiers in Education*, *Research Studies in Music Education*, *Religions* agus irisí eile nach iad. Rinneadh rannchuidiú substaintiúil freisin trí thuarascálacha coimisiúnaithe a bhí dírithe ar bheartais agus a ndearnadh piarmheasúnú orthu agus a scaipeadh trí bhealaí gairmiúla, lena n-áirítear taighde arna choimisiúnú ag CNCM, ag an gComhairle Teagaisc, agus ag líonraí amhail SCoTENS.

Cláir ar an Láthair i dTaighde

Saintréith shainiúil d'fhéiniúlacht acadúil CMGS is ea dlúth-chomhtháthú an taighde agus an teagaisc. I ngach gné d'oideachas tosaigh múinteoirí, d'oideachas cuimsitheach, den tsíceolaíocht, den cheol, den teangeolaíocht fheidhmeach, agus réimsí níos éagsúlaí arís ná sin, tá cláir acadúla atá **bunaithe ar thaighde bunaidh agus ar fhiosrúchán léinn**. Áirithítear leis an gcomhtháthú léannta sin go leanfaidh cláir ghairmiúla agus iarchéime CMGS de bheith freagrúil, cothrom le dáta agus go mbeidh siad ar an eolas go criticiúil.

Chuaigh cláir dhochtúireachta struchtúrtha (PhD, EdD, agus máistreachta taighde) ó neart go neart, agus cuireadh roinnt céimeanna dochtúireachta i gcrích go rathúil i mbliana i réimsí amhail an oideolaíocht ionchuimsitheach, an t-aireachas san oideachas, an fholláine agus an cheannaireacht, inniúlachtaí digiteacha criticiúla, agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí. Bhí ról lárnach ag Scoil Taighde & Céimithe CMGS maidir leis an bhforbairt sin a éascú, agus tacaíocht eitice, treoir mhaoiniúcháin, meantóireacht foilseacháin, agus timpeallacht láidir le haghaidh comhar idirdhisciplíneach a chur ar fáil do thaighdeoirí.

Taighde ar mhaithe le Leas an Phobail agus an Phraitic

Lasmuigh den acadamh, tá taighdeoirí CMGS tiomanta do **scaipeadh agus aistriú eolais chuig pobail níos leithne**. Cuireann taighde a dhéantar sa Choláiste bonn eolais gníomhach faoin mbeartas poiblí, faoin gcleachtas gairmiúil agus faoin tuiscint shóisialta. Léiríonn aschuir ar nós *Toolkit for Supporting Children in Care* [an Fhoireann Uirlisí chun Tacú le Leanaí faoi Chúram] agus staidéir náisiúnta ar fholláine múinteoirí, cuimsiú foghlaimeoirí néara-éagsúlachta, agus ról an aireachais san oideachas iar-Chaitliceach cumas CMGS taighde a tháirgeadh atá rannpháirteach sa tsochaí agus atá bunaithe ar chleachtas chomh maith le bheith dian ó thaobh na hacadúlachta de.

Tá cleachtais ar leibhéal na scoile agus creataí oideachais múinteoirí á múnú go díreach ag obair scolártha ar Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUL), measúnú cuimsitheach, agus

cleachtais chomhoibríocha idir múinteoirí seomra ranga agus gairmithe comhghuaillithe. Ar an gcaoi chéanna, tá taighde CMGS ar na healaíona agus ar na daonnachtaí tar éis a thionchar a leathnú chuig réimsí cultúrtha, stairiúla agus teanga, agus cuireann a chuid aschur sa teangeolaíocht chorpais, sa staidéar inscne, san fhéiniúlacht Éireannach agus san oideolaíocht cheoil go fóinteach leis an dioscúrsa poiblí.

Tionscnamh Taighde ar an Oideachas Caitliceach

Tar éis an taighde is cuimsithí ar éiteas bunscoileanna agus meánscoileanna Caitliceacha in Éirinn ó bunaíodh an stát, foilsíodh sraith tuarascálacha (sé thuarascáil) ar an 23 Aibreán dar teideal *Identity and Ethos in Catholic Primary and Secondary Schools in Ireland: Exploring the Attitudes and Behaviours of Stakeholders* [Féiniúlacht agus Éiteas i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna Caitliceacha in Éirinn].

Is iad a thug faoin taighde foireann taighdeoirí acadúla lenar áiríodh aiseolas ó 4,000 ball de Bhoird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí i scoileanna Caitliceacha, lonnaithe i CMGS agus the Mater Dei Centre for Catholic Education, mar chuid de thionscadal Global Researchers Advancing Catholic Education (GRACE) [Taighdeoirí Domhanda ag cur Oideachas Caitliceach chun Cinn], chun bonnlíne shoiléir agus sraith teoracha a bhunú chun oideachas Caitliceach a chur chun cinn ar an mbunleibhéal agus ar an meánleibhéal i bPoblacht na hÉireann.

Ar feadh trí bliana, rinne an fhoireann taighde iniúchadh ar an bhféiniúlacht agus ar an éiteas i mbunscoileanna agus i meánscoileanna Caitliceacha in Éirinn, agus rinne siad scrúdú ar an gcaidreamh idir an beartas sonraithe maidir le féiniúlacht Chaitliceach na scoileanna sin agus an fhírinne saoil laistigh díobh.

Comhdháil Mheiriceá don Léann Éireannach (ACIS) 2024

Chuir CMGS fáilte roimh níos mó ná 350 toscaire ó Éirinn agus ó gach cearn den domhan le haghaidh Comhdháil Mheiriceá don Léann Éireannach (ACIS) i mí an Mheithimh, agus ba ghaisce mór é sin le haghaidh CMGS toisc nach réachtáiltear an t-imeacht lasmuigh de na Stáit Aontaithe ach gach ceithre bliana.

Chuir Patrick O'Donovan TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tús oifigiúil leis an imeacht ildisciplíneach, ar éirigh thar barr leis. I measc na gcainteoirí iomlánacha bhí Paul Lynch, an t-údar a bhuaigh Duais Booker a scríobh *Prophet Song*, agus bhí 120+ painéal comhthreomhar ag an lucht freastail, naoi seoladh leabhar, dinnéar ceiliúrtha, agus gníomhaíochtaí cultúrtha comhlántacha.

Ábhair Chomhdhála

I measc na n-ábhar a pléadh bhí an litríocht ghotach, ficsean coireachta, an t-úrscéal mílaoiseach, Tuisceart Éireann, podchraoltaí, Éirí Amach 1798, SEIF, máithreachas, oidhreacht áras máithreacha agus naíonán, na hÉireannaigh san Airgintín, póstaí measctha, coilíneachas lonnaitheoirí, bolscaireacht Mheiriceá Éireannach, filíocht phríósúin na mban, rince na hÉireann, múrphictiúir, caipitleachas, an Breatimeacht, ealaín agóide, raidió na hÉireann, an t-athrú aeráide, grianghrafadóireacht den ghorta agus go leor eile.

Thacaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Comhairle Cathrach Luimnigh & Contae Luimnigh agus Fáilte Ireland le ACIS 2024.

Is iad a bhí ar an gcoiste eagrúcháin trasdáimhe an Dr Richard Butler agus an tOllamh Eugene O'Brien (tionóltóirí); An Dr Deirdre Flynn, an Dr Síle Ní Choincheannain, an Dr John Morrissey, an Dr Anne Marie Brosnan, agus an tOllamh Bill Leahy.

T-REX: Malartú Taighde na Múinteoirí

I mí Dheireadh Fómhair, shínigh CMGS conradh maoiniúcháin le haghaidh an tionscadail Malartaithe Taighde Múinteoirí (T-REX). Is éard atá in T-REX líonra meán sóisialta le haghaidh múinteoirí, múinteoirí faoi oiliúint agus taighdeoirí breisoideachais atá ag cleachtadh chun comhoibriú, foghlaim agus a gcuid oibre a chomhroinnt le chéile. Is iad a stiúir an tionscadal Marie Ryan (Roinn an Léinn Oideolaíochta agus Luath-Óige Mhachnaimh), agus Marek McGann (Roinn na Síceolaíochta), agus is comhoibriú é an tionscadal idir CMGS agus príomh-chomhpháirtithe i gcuibhreannas ar a raibh Ollscoil Luimnigh, Ollscoil na Gaillimhe, Institiúid Teicneolaíochta Marino, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Lárionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann, agus Oide (Rannán Ceannaireachta).

Cuireann an chéim nua seo den taighde le dhá chéim forbartha a bhí ann roimhe seo agus is é is aidhm di méadú ar rannpháirtíocht agus teagmháil na múinteoirí le T-REX chun pobal cleachtais bríomhar gníomhach a chruthú le haghaidh taighde oideachais in Éirinn. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais, Comhairle Teagaisc agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus tá cúrsa dhá bhliain ann a bhfuil spriocanna uailmhianacha aige chun ballraíocht agus rannpháirtíocht sa phobal a leathnú go mór.

Aitheantas Idirnáisiúnta

An 22 Samhain, iarradh ar an Dr Marek McGann T-REX a chur i láthair ag ceardlann ECFE maidir le cleachtas nuálach i gcomhar idir scoileanna agus ollscoileanna. Bhí sé sin mar chuid d'iarracht an Choimisiúin Eorpaigh tacú le comhroinnt cleachtas agus nuálaíochtaí san oideachas go hidirnáisiúnta.

Cuireadh tús le céim nua Thionscadal T-REX nuair a ceapadh Comhordaitheoir Náisiúnta lánaimseartha T-REX. Rinneadh agallaimh don phost i mí Eanáir, agus bhí réimse iomaíoch iarrthóirí ardcháilithe. Chuaigh an Comhordaitheoir Náisiúnta i mbun a ról i mí Aibreáin.

Leanadh freisin de chaidreamh a chothú le comhlachtaí náisiúnta agus le cláir taighde múinteoirí ar fud na tíre. Thóg an Tionscadal comhlachas leis an gclár náisiúnta TL21 (Teagasc agus Foghlaim sa 21ú hAois) atá á reáchtáil ag an Dr Anthony Malone i Maigh Nuad, agus reáchtáladh seimineáir ghréasáin i mí an Mhárta le haghaidh ball foirne ag Oide, an chuallacht náisiúnta um fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.

An Chomhdháil maidir le Líonra na dTaighdeoirí san Oideachas Caitliceach

Tionóladh Oideachas Caitliceach (NfRCE) i CMGS an 19 agus an 20 Deireadh Fómhair. Le linn na comhdhála idirnáisiúnta dhá lá sin dar téama 'Fluidly Faithful? Catholic Education and the Institutional Church' [Creideamh Solúbtha? Oideachas Caitliceach agus an Eaglais Institiúideach], tháinig toscairí chuig CMGS ó Ceanada, ón Astráil, ó SAM, ón Eoraip, ón Ríocht Aontaithe agus ó Éirinn.

D'eagraigh Institiúid na hÉireann um Staidéar Caitliceach an chomhdháil i gcomhpháirt leis an Líonra do Thaighdeoirí san Oideachas Caitliceach (NfRCE) agus le Cumann Caitliceach na Múinteoirí, na Scoileanna agus na gColáistí (CATSC). Dhírigh ceithre eochairóráid agus 44 pháipéar ar ghnéithe éagsúla den chaidreamh casta dinimiciúil idir scoileanna Caitliceacha agus an Eaglais Institiúideach.

Bhí sé d'aidhm ag an gcomhdháil an taighde idirnáisiúnta is déanaí maidir leis na deiseanna agus na dúshláin atá roimh oideoirí Caitliceacha i scoileanna, in ollscoileanna agus i gcoláistí ar fud an domhain a chur i láthair agus a anailísiú go criticiúil. Meastar gur Caitlicigh iad 17.7 % de dhaonra an domhain, agus gurb í an Eaglais Chaitliceach an soláthraí oideachais is mó ar

domhan.

Príomhchainteoirí

- An tOllamh Quentin Wodon ó UNESCO a bhíodh ina phríomheacnamaí agus ina phríomhspeisialtóir bochtaineachta leis an mBanc Domhanda, thug sé siúd eochairchaint maidir leis an gCeannaireacht Chaitliceach san Afraic
- An tOllamh Roisín Coll, Ollscoil Naomh Aindrias, Glaschú, maidir le hoideachas do mhúinteoirí Caitliceacha in Albain
- Bronnadh gradam NfRCE an ghaisce sa Taighde Caitliceach ar feadh an tsaoil ar an Ollamh John Sullivan ó Ollscoil Learpholl Hope i ngeall ar a aschur foilseacháin agus taighde ar an oideachas Caitliceach
- Rinne an Dr Aiveen Mullally ó Institiúid Oideachais Marino agus Patricia Kieran ó CMGS cur síos ar a dtaighde ar an tsolúbthacht chreidimh i measc mic léinn ag gabháil d'oilíúint tosaigh múinteoirí in Éirinn

Comhdháil maidir leis an Oideachas a Athrú as Éadan tríd an Súgradh

D'óstáil CMGS an tríú heagrán dá shraith comhdhálacha idirnáisiúnta a bhí dírithe ar an Oideachas a Athrú as Éadan tríd an Súgradh ar an 2 Márta.

Gréasán Gairmiúil Múinteoirí: An Chéad Deich mBliana

Bhí costas foriomlán €2.8 milliún ar *Teacher's Professional Journeys: The First Decade* agus ba é an chéad staidéar fadaimseartha a rinneadh in Éirinn ar mhúinteoirí. Is éard atá sa staidéar gealltanas ón Roinn Oideachais agus ón gComhairle Mhúinteoireachta éisteacht le guthanna agus taithí múinteoirí sa chaoi gur féidir na beartais a dhéanfar amach anseo maidir le teagasc agus oideachas múinteoirí a mhúnlú agus a athmhúnlú.

Rinneadh an staidéar faoi stiúir an Ollaimh Paul Conway (PI), Ollscoil Luimnigh, agus ghníomhaigh an tOllamh Aisling Leavy (Coláiste Mhuire Gan Smál) agus an tOllamh Emer Smyth (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) mar phríomhthaighdeoirí. Faigheann an taighde tacaíocht ó dhá fhoireann Taighdeoirí Comhlacha i gColáiste Mhuire Gan Smál (an tOllamh Déirdre Ní Chróinín, an Dr Johanna Fitzgerald, an Dr Mairead Hourigan) agus Ollscoil Luimnigh (an Dr Antonio Calderon, an Dr Aoife Neary, an Dr Niamh O'Meara).

Is éard atá i gceist leis an bhfad-dearadh luathaithe nuálach taighde le cohóirt céimithe ó oideachas tosaigh múinteoirí (ó ranganna 2019, 2022, 2025, agus 2026), lena gcumhdaítear an bunoidreachas, an t-iar-bhunoideachas agus an breisoideachas. Tá an staidéar á mhaoiniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an Roinn Oideachais. Déanfar imscrúdú sa staidéar, atá le cur i gcrích in 2030, ar na príomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus shistéamacha lena sainítear agus lena múnlaítear taithí luathghairme múinteoirí.

Scoil Samhraidh CMGS Dhurlais

Bhí Scoil Samhraidh CMGS Dhurlais ar siúl ón 11-13 Meitheamh agus dhírigh sí go háirithe ar 20 bliain d'Oifig an Ombudsman do Leanaí a cheiliúradh. Ba é an téama a bhí ann an chaoi ar athraigh guthanna leanaí tírdhreach an oideachais agus na rannpháirtíochta le fiche bliain anuas.

Imeacht trí lá ar an gcampas a bhí ann, agus díríodh ar chomhráite maidir leis an turas a taistealaíodh, ach atá fós le taisteal, chun tacú le guthanna éagsúla inár gcóras oideachais. Le linn na hócáide bhí lear mór cainteoirí agus rannpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ó

réimse eagraíochtaí oideachais, sibhialta agus eile.

Taighde ar an Oideachas maidir leis an Athrú Aeráide

Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) maoiniú New Foundations [Fondúireachtaí Nua] ar CMGS, an Dr Anne Dolan, chun tacú lena taighde agus lena hobair chun an t-athrú aeráide a chur chun cinn in oideachas múinteoirí ar an leibhéal iar-bhunscoile.

Bronntar dámhachtainí maoiniúcháin d'Fhondúireachtaí Nua ar thionscadail nó ar thaighde a rachaidh i bhfeidhm ar phobail ar fud na tíre agus níos faide i gcéin, agus díróinn siad ar dhúshláin shochaíocha éagsúla agus ar shaincheistanna beartais rialtais. Bhronn IRC cistiú an Dr Dolan i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha (Cúnamh Éireannach) agus leis an Roinn Oideachais faoi shraith chistiúcháin atá tiomnaithe don oideachas don tsaoránacht dhomhanda agus don fhorbairt inbhuanaithe.

Cuspóirí Tionscadail

Is é is príomhaidhm do thionscadal an Dr Dolan, lena dtacaítear le hoideachas maidir leis an athrú aeráide in iar-bhunscoileanna trí phobal cleachtais a fhorbairt, líonra oideoirí atá ag obair in oideachas iar-bhunscoile múinteoirí a fhorbairt, ar féidir leo taighde a dhéanamh ar na deiseanna agus ar na bacainní a bhaineann le hoideachas maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú in iar-bhunscoileanna in Éirinn agus torthaí ón taighde sin a scaipeadh.

Arsa Stiúrthóir an Taighde ag CMGS, an Dr Richard Butler: Thar ceann na Scoile Taighde & Céimithe agus an phobail taighdeoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Dr Anne Dolan as an ngradam mór le rá úd New Foundations [Fondúireachtaí Nua] Chomhairle Taighde na hÉireann a fháil. Taispeánfaidh sé cuid den obair thaighde is spreagúla atá ar siúl faoi láthair ag CMGS maidir le saincheist oideachas an athraithe aeráide.

Bhronn IRC maoiniú ar 67 dtionscadal ar fud na tíre i mbliana. Is éard a dúirt stiúrthóir Chomhairle Taighde na hÉireann, an Dr Louise Callinan: "Tá an comhar idir taighdeoirí agus lucht ceaptha beartas a ndéantar ionadaíocht orthu sna gradaim sin ag teacht le Impact 2030: Ireland's Research and Innovation Strategy [Tionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann] chun ceapadh beartas fianaisebhunaithe a neartú agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach do shaoránaigh agus don tsochaí."

Dámhachtain Cistiúcháin Conairí

Comhghairdeas leis an Dr Ailbhe McDaid, acadóir CMGS, ar bhronn Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) breis agus €500,000 air ag deireadh mhí an Mheithimh.

Bronnadh an maoiniú mór le rá ar an Dr McDaid, Ollamh Cúnta i Roinn an Bhéarla agus na Litríochta i CMGS, faoi Chomhaltacht Conairí IRC-SFI, maoiniú a thacaíonn le taighdeoirí luathghairme den scoth ó gach disciplín éirí ina gceannairí taighde amach anseo.

Bronnadh an maoiniú €590,000 ar Pathologies of Violence: Inscriptions of Global Conflict in Irish Literature 1922-present [Inscríbhinní na Coinbhleachta Domhanda i Litríocht na hÉireann ó 1922 go dtí an lá atá inniu ann] (PATHOS), tionscadal taighde nua faoi stiúir an Dr McDaid. Déanfaidh PATHOS forbairt na saoránachta eiticiúla domhanda a dhoiciméadú i scríbhneoireacht Éireannach a rinneadh le déanaí, agus litríocht na hÉireann á cur i gcomhthéacs domhanda trí bhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a sroicheann géarchéimeanna

idirnáisiúnta cósta na hÉireann.

Aitheantas ó Acadamh Ríoga na hÉireann

Comhghairdeas ó chroí leis an Dr Christiane Schönfeld a bhí ar an gcéad acadóir CMGS a ceapadh d'Acadamh Ríoga na hÉireann a bhfuil ardmheas air. Tugadh aitheantas di as a rannchuidiú eisceachtúil leis na daonnachtaí agus leis an taighde. Bhí an Dr Schönfeld ar dhuine de 28 n-acadóir a glacadh isteach san Acadamh ag searmanas speisialta i mBaile Átha Cliath an 24 Bealtaine.

Ceapadh í ina Ceann Roinne in 2009, d'fhoilsigh sí go forleathan ar litríocht na Gearmáine, mná cruthaitheacha, agus daoine imeallaithe amhail striapacha nó deoraithe, chomh maith le monagraif ar léiriú na striapaí in Eispriseanachas na Gearmáine, agus ar Stair Litríocht na Gearmáine i Scannáin. Ba í tionscnóir agus comhbhunaitheoir Lárionad na hÉireann um Staidéar Trasnáisiúnta ag CMGS agus rinne sí comheagarthóireacht ar shaothair ceann de na drámadóirí is mó tionchar i bPoblacht Weimar — an páirtí frithfhaisisteach agus deoraíochta, Ernst Toller.

GNÓTHAÍ ACADÚLA & SAOL NA MAC LÉINN

Rannpháirtíocht, Rath agus Gaisce Mac Léinn

Ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Lúnasa 2024, lean Coláiste Mhuire Gan Smál de bharr feabhais a léiriú i rannpháirtíocht, rath agus forbairt iomlánaíoch na mac léinn. Tá breis agus 5,000 mac léinn cláraithe sa choláiste, tá ceann de na rátaí coinneála is airde in Éirinn (> 95 %) aige, agus tá timpeallacht oideachais dhinimiciúil, ionchuimsitheach agus chumasaithe cruthaithe ann. Le héachtaí na bliana seo, ina raibh réimse ón bhfeidhmíocht acadúil, rannchuidiú cultúrtha, rannpháirtíocht shibhialta, agus barr feabhais lúthchleasaíochta, léiríodh tiomantas CMGS don fhoghlaím ina bhfuil an mac léinn lárnach, don aitheantas agus don chlaochlú institiúideach.

Rannpháirtíocht Acadúil agus Cáilíocht Oideachasúil

Athdhearbhaíodh tiomantas CMGS don bharr feabhais acadúil in 2023–2024 trí gharspriocanna institiúideacha iomadúla. Fuair an clár Baitsiléara Oideachais athchreidiúnú iomlán ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus mhol athbhreithneoirí curaclam bíseach an chláir, béim láidir ar chleachtas machnamhach, comhtháthú cúraim thréadaigh, agus treoshuíomh i dtreo ceartas sóisialta agus cuimsiú sóisialta.

Tháinig fás intomhaiste ar sholáthar iarchéimithe CMGS, agus tháinig méadú 5.4 % ar an spéis i staidéar iarchéime ar leibhéal máistreachta (os cionn 550 tarchur) agus 8% ar leibhéal dochtúireachta (os cionn 3,000 tarchur agus 500+ fiosrúchán). Ag searmanas bronnata Earrach 2024, bronnadh 24 cinn de dhochtúireachtaí agus dochtúireachtaí gairmiúla, rud a léiríonn méadú suntasach ar aschuir taighde céime agus a thacaíonn le huaillmhian CMGS a chultúr taighde a dhoimhniú.

Barr Feabhais i mBronnadh Céimeanna agus i nDámhachtainí

I mí Dheireadh Fómhair 2023 bronnadh gradaim acadúla ar bheagnach 2,000 céimí ar fud chláir fochéime agus iarchéime 50+ an Choláiste san Oideachas agus sna hEalaíona

Liobrálacha.

Barr Feabhais ag Searmanais Bronnta Céime 2024

Rinne CMGS ceiliúradh ar éachtaí iontacha a chuallachta mac léinn trí ghradaim iomráiteacha ag ócáidí bronnta 2024. Bronnadh Boinn Óir ar:

- **Hannah O'Driscoll** (B.Oid Múinteoireacht Bhunscoile): bronnadh Comhaltacht Pheadar Cremin, Gradam Bhonn Vere Foster, agus teastas barr feabhais san Oideachas Ceoil uirthi freisin
- **Sarah Ryan-Purcell Sarah** (B.Oid & Síceolaíocht): faighteoir Scoláireacht Ollscoile Dheoise Luimnigh agus Chester Thiar
- **Cloe Troy** (BA Oideachas, Gnó & Cuntasaíocht): buaiteoir Bhonn Aontas Múinteoirí Éireann agus gradam Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- **Jenny Bent** (PME): is uirthi a bronnadh Bonn Vere Foster agus duais an tráchtais is fearr
- **Áine Gleeson, Aisling Knox, Megan O'Sullivan,** agus **Callum McGeary** fuair siadsan boinn óir dáimhe as na torthaí is fearr sna hEalaíona agus i gcláir cúram agus oideachas na luath-óige

Léirigh na gradaim sin barr feabhais acadúil, tiomantas do chleachtas gairmiúil, agus éachtaí móra ar fud dhámha CMGS.

Gradaim Bhliantúla an Choláiste

Reáchtáladh Gradaim Choláiste Bliantúil CMGS an 29 Samhain in Amharclann an Lime Tree, agus tugadh aitheantas ann d'éachtaí acadúla is spóirt agus do ghaiscí suntasacha eile. Rinneadh ceiliúradh ar bhreis agus 100 mac léinn, céimí agus alumni agus bronnadh beagnach €600,000 i bhfoirm scoláireachtaí, gradam agus sparánachtaí.

I measc bhuaicphointí eile na hoíche bhí na Gradaim Alumni, agus tugadh aitheantas do cheathrar alumni iontacha as na cineálacha éagsúla rannchuidithe a thug siad don tsochaí:

- **Petula Martyn**, iriseoir agus láithreoir ilmheán RTÉ
- **Tómas Ó Sé**, peileadóir Chiarraí a bhuaigh an Chraobh Uile-Éireann cúig huaire, anailísí sna meáin spóirt agus príomhoide bunscoile
- **Miriam Keegan**, oideoir agus dearthóir faisín inbhuanaithe
- **Declan Hannon**, Captaen fhoireann Uile-Éireann Luimnigh

Teacht le Chéile Alumni

D'fháiltigh CMGS roimh níos mó ná 150 céimí agus iad ag filleadh ar champas Luimnigh CMGS ar an 7 Deireadh Fómhair le haghaidh an Athaontaithe Alumni bhliantúil. As measc na céimithe ar fad, is iad na céimithe ón mbliain 2018 na céimithe is déanaí a bhí ann agus ba iad na céimithe ón mbliain 1958 na céimithe is faide siar a bhí ann.

Scoláireacht Chuimhneacháin Ashling Murphy

Le linn shearmanas bronnta CMGS, rinneadh cur i láthair tochtmhar ar an gcéad Scoláireacht Iontrála i nDilchuimhne ar Ashling Murphy, scoláireacht a cuireadh i láthair in ómós d'Ashling agus a bronnadh ar iníonacha léinn bunmhúinteoireachta na Chéad Bliana, Catherine Joyce

agus Róisín Ní Chonchúir. Ba iad an bheirt cheoltóirí óga chumasacha sin a chuir tús leis an searmanas le taispeántas agus bhronn an tUachtarán agus Dorothy McGinley, Uachtarán Chumann Múinteoirí Éireann, na scoláireachtaí orthu ansin. Is iad Coláiste Mhuire Gan Smál agus Eagraíocht Náisiúnta Múinteoirí na hÉireann (INTO) i gcomhpháirt a bhronnann an scoláireacht sin €4,000, scoláireacht a bheidh ina sparánacht a bhronnfar ar mhac léinn Bhaitisiléir an Oideachais sa chéad bhliain as a n-éacht eisceachtúil (éacht aonair, comh-éacht agus éacht sa phobal) agus as gealladh a bheith fúthu i réimse cheol traidisiúnta na hÉireann.

Infheistíocht Institiúideach san Aitheantas

San iomlán, bronnadh os cionn €600,000 in 2023–2024 i bhfoirm scoláireachtaí, duaiseanna agus sparánachtaí, rud a threisigh tacaíocht CMGS do thallann, cuimsiú agus éachtaí iomlánaíocha:

- **Scoláireachtaí Iontrála:** Bronnadh €2,000 ar 47 mac léinn céadbhlíana ar bhonn torthaí na hArdteistiméireachta
- **120 Sparánacht Camógaíochta:** €5,000 in aghaidh na bliana (gradam 4 bliana) chun tacú le mic léinn oideachais atá ag gabháil don spórt
- **Dámhachtainí Fondúireachta le haghaidh Barr Feabhais:** Fuair cúigear mac léinn aitheantas as ceannaireacht sa cheol, sa spórt agus i rannpháirtíocht an phobail
- **Scoláireachtaí Ollscoil Sanctuary** (Nollaig 2023): Thacaigh siad sin le beirt mhac léinn iarchéime ó chúlraí imirceacha trí tháillí iomlána agus stipinn €3,000

Gaiscí Spóirt agus Barr Feabhais CLG

Mórghaisce Mhac Léinn na Bliana

Bronnadh **Mórghaisce Mhac Léinn na Bliana** ar **Adam Hogan**, mac léinn BA sa tríú bliain agus iománaí fhoireann Chontae an Chláir. Sa bhliain 2024, d'éirigh go hiontach le Hogan i gcomórtais éagsúla:

- Bhuaigh sé Corn Mhic Giobúin le CMGS
- Ghnóthaigh sé an Chraobh **Uile-Éireann** agus an **tSraith Náisiúnta** leis an gClár
- Ba é siúd Captaen na Fiacaile nuair a bhuaigh siad **Sraith Shinsearach an Chláir**
- Ainmníodh é mar **Iománaí Óg na Bliana Chumann Imreoirí Gael**

Leag an gradam sin béim ar thiomantas an Choláiste do mhúnla na déghairme agus don aitheantas don ghnóthachtáil iomlánaíoch.

Scoláireachtaí agus Tacaíocht Spóirt

- Bronnadh **Naoi Sparánacht CLG na Mumhan** (€750 an ceann) ar shár-lúthchleasaithe
- Bronnadh **Scoláireachtaí Scoth-Spóirt** ar lúthchleasaithe a bhí san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta, lena áiríodh Anna Horan, Aoife Dillane, agus Cian Scully
- Thacaigh **Scoláireachtaí CMGS-CIG** (€4,000 an ceann) le lúthchleasaithe iarchéime Diarmuid Ryan agus Niamh Murphy

Corn Mhic Giobúin 2024

D'fhill ceann de phríomhtheidil CLG san Ardoideachas, Corn Mhic Giobúin, ar CMGS den tríú huair tar éis dár bhfoireann iomráiteach shinsearach an ceann is fearr a fháil ar sheaimpíní na bliana roimhe sin, Ollscoil Luimnigh, ar an 17 Feabhra.

Rinne an Coláiste ceiliúradh ar a bhfuil bainte amach ag an scuad agus ag an bhfoireann bainistíochta, faoi stiúir Alumnais CMGS agus iar-iománaí Chorcaí, Jamie Wall, i bhfoirm Dinnéar Ceiliúrtha in Óstán Luimnigh i Luimneach Dé Luain, an 11 Márta. Ba é an Tánaiste, Micheál Martin TD, an t-aoi speisialta ar an oíche agus a bhronn sé a gcuid bonn Choirn Mhic Giobúin ar an bhfoireann bhuacach, tar éis óráid inar tharraing sé aird ar an gcaoi gur 'seod luachmhar in eispéireas an choláiste' é a bheith ag iarraidh imirt i spórt tríú leibhéal agus an bua a bhaint amach.

Seoladh Chumann na gCluichí Gaelacha, CMGS

Sheol Uachtarán CLG Jarlath Burns Cumann na gCluichí Gaelacha i CMGS ar an 22 Aibreán agus is imeacht é sin ar ar fhreastail níos mó nó 80 ball foirne CMGS, cóitseálaí spóirt agus ionadaí ó éagsúlacht eagraíochtaí agus clubanna Cluichí Gaelacha ó gach áit i gCúige Mumhan.

Bunaíodh Ionad Barr Feabhais CMGS Chúige Mumhan um Chóitseáil Leanaí agus um Chur Chun Cinn na gCluichí Gaelacha in 2023, agus tá bunú club CLG ar cheann dá chuspóirí bunúsacha. Tá sé i gceist ag an gclub nua scáth uileghabhálach a chruthú lena n-aontófaí na ceithre chód uile: Iomáint, Peil Ghaelach, Camógaíocht agus Peil na mBan; mothú pobail a chothú; díriú ar rannpháirtíocht na mac léinn agus ar an gcumhachtú, agus béim láidir ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht a bheith ann.

Mar chuid den seoladh, bhronn Cathaoirleach CLG Ger Ryan Teastais ar mhic léinn CMGS Bhaitsiléir an Oideachais na Ceathrú Bliana tar éis dóibh clár na Ceannaireachta sna Cluichí Gaelacha a chur i gcrích. Mar chuid den tionscnamh sin, na 17 mac léinn ar bronnadh teastais orthu, d'eagraigh siad Blitz Cluichí Gaelacha ar an gcampas le déanaí le haghaidh bunscoileanna áitiúla.

Aitheantas don Chultúr, don tSochaí agus don Chuimsiú

D'aithin CMGS mic léinn a léirigh ceannaireacht sa chultúr, sa tsaoránacht dhomhanda agus sa chuimsiú sóisialta trí ghradaim agus tionscnaimh éagsúla:

Gradaim agus Aitheantas

- **Gradam Óir CRAOL:** Bronnadh onóir ar chéimí MA Nasratullah Taban agus alumnais as clár faisnéise raidió faoi oideachas na gcailíní san Afganastáin
- **Dámhachtainí Thionscadail Mac Léinn EDII** (Earrach 2024): Idir €500 agus €5,000, thacaigh siad sin le tionscnaimh chothromais agus ionchuimsithe faoi stiúir mac léinn, amhail for-rochtain ETIM do theaghlaigh den Lucht Siúil agus tionscadail oideachais ilteangacha
- **Bronnadh Céimeanna LINC** (Deireadh Fómhair 2023): Rinneadh 537 gcéimí ón gclár Ceannaireachta don Chuimsiú sna Luathbhlianta a cheiliúradh as cleachtas cuimsitheach a chur chun cinn in earnáil ECCE na hÉireann

Imeachtaí, Rannpháirtíocht agus Saibhriú

- **Féile Foghlama Feadh an tSaoil Luimnigh:** D'óstáil CMGS os cionn 12 imeacht ó mhí an Mhárta go mí Aibreáin 2024, lena n-áirítear léachtaí, ceardlanna ealaíon, agus seisiúin eolaíochta a thacaíonn le teaghlaigh

- **Oíche Chultúir** (Meán Fómhair 2023): Reáchtáil campais Luimnigh agus Dhurlais ceolchoirmeacha, imeachtaí oidhreacht agus léirithe drámaíochta i gcampais Luimnigh agus Dhurlais CMGS ina ndearnadh ceiliúradh ar chultúr na hÉireann agus cruthaitheacht na mac léinn
- **Laethanta Taithí Mac Léinn** (Earrach 2024): Óstáladh imeachtaí rannpháirtíochta ar an láthair do mhic léinn ionchasacha, le painéil Aontas na Mac Léinn, turais champais, agus seisiúin bhlaistithe dáimhe
- **Wired FM**: Thairg 120+ mac léinn craoltaí beo seachtainiúla, inar tacaíodh leis an gcruthaitheacht, le rannpháirtíocht an phobail agus leis an bhfoghlaim ó thaithí

Gradaim na Mac Léinn as an tSeirbhís Phobail

Mar chuid de shearmanas speisialta gradam ar an 17 Aibreán, moladh 20 mac léinn CMGS as an rannchuidiú luachmhar a rinne siad leis an bpobal nuair a theagasc siad daltaí bunscoile agus meánscoile ar bhonn deonach, agus nuair a thacaigh siad le tuismitheoirí leanaí imirceacha agus iad ag dul i ngleic le foghlaim a bpáistí.

Ó mhí Eanáir go mí Aibreáin rinne ceathrar mhac léinn atá ag gabháil d'fhochéim faoi láthair obair dheonach ar chlár píolótach tacaíochta foghlama do theaghlaigh imirceacha a tháinig le déanaí agus chuir siad an tionscnamh i gcrích in éineacht le daltaí *Scoil Mháthair Dé* i gcampas Ascaill Uí Chonaill Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gCathair Luimnigh.

Bhí sé d'aidhm ag an gclár deis a thabhairt do leanaí a easáitíodh óna dtíortha dúchais, agus ar nuatheachtaithe iad i gcóras oideachais na hÉireann, tacaíocht a fháil ina gcuid foghlama agus éachtaí i scoileanna trí thacaíocht phearsantaithe don obair bhaile. D'fhorbair comhordaitheoir an tionscadail, an léachtóir le CMGS Santhi Corcoran, múnla foghlama teaghlaigh i gcomhar le comhordaitheoir fhoireann an Bhéarla mar theanga bhreise Simon Ratcliffe, i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, múnla a thacaigh freisin le tuismitheoirí agus le baill teaghlaigh scothaosta scileanna Béarla, comhairle, faisnéis agus treoir a fháil maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna agus ar chonairí in institiúidí agus i gcláir oideachais áitiúla.

Moladh freisin 16 mhac léinn agus chéimí CMGS ó chláir iar-bhunscoile an Choláiste a bhí lonnaithe i gcampas CMGS Dhurlais a d'ullmhaigh agus a chuir i gcrích ranganna seachtainiúla a thacaigh le mic léinn Ardteiste sa Mhata, sa Ghaeilge agus i Staidéar Gnó in 2021 agus 2022, ranganna a bhí mar bhonn leis an Tionscadal Foghlama Teaghlaigh.

Ailíniú Straitéiseach agus Ionchas don Todhchaí

Leis an méid atá bainte amach ag mic léinn in 2023–2024, tacaíodh go díreach le tosaíochtaí straitéiseacha CMGS:

- **Coinneáil agus dul chun cinn**: Thacaigh éachtaí agus struchtúir aitheantais le rannpháirtíocht agus le spreagadh
- **Rath agus infheictheacht céimithe**: Le scoláireachtaí iarchéime, gradaim alumni, agus clúdach náisiúnta sna meáin, ardaíodh próifíl CMGS
- **Cothromas agus rochtain**: Neartaigh gradaim atá dírithe ar an gcuimsiú agus Scoláireachtaí Tearmainn tiomantas CMGS do na SFlanna
- **Tionchar ar an bpobal**: Trí ghradaim shibhialta, imeachtaí cultúrtha, agus foghlaim seirbhíse, rannchuidigh mic léinn go fóinteach leis an saol poiblí

Ní hamháin go dtomhaistear rath na mac léinn ag CMGS i dtéarmaí grád, ach tomhaistear é ó

thaobh rannchuidithe, athléimneachta agus gutha de. I ngach seomra ranga, pobal agus comórtas, tá mic léinn CMgS ag cruthú cineálacha todhchaí atá tábhachtach.

Forbairtí Clár

Seoladh an Chláir Eacnamaíochta Baile

Sheol an tAire Oideachais, Norma Foley, an clár nua ag CMgS Dhurlais, BA san Oideachas, san Eacnamaíocht Baile agus sa Ghnó i mí Mheán Fómhair 2023. Tháinig an Coláiste agus an Roinn Oideachais ar chomhaontú maidir leis an bhforbairt nua sin i mí an Mheithimh 2022. An tráth sin, d'iarr an Roinn Oideachais dáta tosaigh i mí Mheán Fómhair 2024 ach d'fhill siad ina dhiaidh sin á iarraidh go gcuirfí tús léi i mí Mheán Fómhair 2023.

Mar gheall ar mheabhrán tuisceana (MT) le Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, bhí an clár in ann dul chun cinn a dhéanamh maidir le rochtain ar shaoraidí cócaireachta agus teicstíle a chur ar fáil ar a n-áitreabh i mBaile an Áirséaraigh in aice láimhe. Tá an rochtain ar an gclár teoranta faoi láthair do 15 mac léinn in aghaidh na bliana a chlárú. Chun tacú le héagsúlacht níos mó i ngairm na múinteoireachta, coimeádtar 5 áit as na 15 áit sin le haghaidh céimithe aibí agus do chéimithe Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Léiríodh i dtaifid CAO le haghaidh 2023 go raibh éileamh an-láidir ar an gclár; bhí breis agus 400 lua ann, agus cláraíodh 123 chéad rogha.

Torthaí CAO 2024

Rinneadh tairiscintí Bhabhta 1 CAO le haghaidh 2024 ar an 28 Lúnasa, agus bhí dhá cheann de na cláir oideachais is airde pointí sa tír ag CMGS. Ní hamháin gur clár a bhfuil an-tóir air fós é an chéim B.Oid san Oideachas agus sa tSíceolaíocht (MI008), arb é an t-aon cheann dá leithéid in Éirinn, agus a mheallann an caighdeán is airde iarratasóra, ach fágann íoscheanglas 590 pointe CAO 2024 590 gurb é an clár oideachais múinteoirí a dteastaíonn na pointí is airde sa tír ina leith, mar aon le Baitsiléir CMGS den Oideachas Idirnáisiúnta (MI004). Ba é 565 pointí an t-íoscheanglas pointí le haghaidh an B Oid Idirnáisiúnta.

I measc bhuaicphointí eile an chláir bhí:

- **B Oid sa Bhunmhúinteoireacht (MI005):** 488 pointe (anuas ó 497 in 2023)
- **Mic Léinn Gaeltachta (MI006):** 451 pointe
- **BA san Oideachas, Eacnamaíocht Baile, agus Staidéar Gnó (MI022):** 531 pointe (aníos ó 509 in 2023)
- **BA i mBéarla agus sa Litríocht (MI009):** 387 pointe (an t-aon chlár dá leithéid in Éirinn)
- **BA i nDrámaíocht agus sa Bhéarla (MI010):** 378 pointe (an t-aon chlár dá leithéid i gCúige Mumhan)

Ceiliúradh ar Oideachas Luath-Óige

I mí na Samhna, reáchtáladh imeacht ceiliúrtha chun 20 bliain den Bhaitsiléir Ealaíon in Oideachas agus Cúram Luath-Óige (BA ECCE) a chomóradh sa Choláiste.

Tionscadal Conairí Cumais CMGS: Cineálacha Todhchaí Cuimsitheacha a Mhapáil

Bronnadh €626,000 ar CMGS le déanaí chun Tionscadal CMGS na gConairí Cumais (MAP) a sheoladh faoi thionscnamh maoinithe Chonair 4-Chéim 2 ón Roinn Breisoideachais agus

Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Is é an Dr Orla Slattery atá i gceannas ar an tionscadal.

Is é is aidhm do Thionscadal MAP todhchaíochtaí cuimsitheacha a mhapáil le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus in éineacht le daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus bealach a sholáthar chuig rannpháirtíocht fhóinteach an phobail i dtimpeallacht chuimsitheach tríú leibhéal a bhfuil stair sheanbhunaithe barr feabhais oideachais agus cuimsithe pobail aici. Bainfear é sin amach trí chlár a chruthú lena gcuirfear an méid seo a leanas ar fáil:

1. An fhondúireacht oideachais tríd an Teastas san Fhoghlaim Ghinearálta agus san Fhorbairt Phearsanta (CGLPD), ar dámhachtain Leibhéal 4 Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann 2 bhliain é atá creidiúnaithe go hiomlán
2. Clár aistrithe breise a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí a bheith ina mbaill ghníomhacha dá bpobail agus a spriocanna agus a n-uailmhianta saoil phearsanta a chomhlíonadh trí idirthuras a dhéanamh chuig breisoideachas agus breisoiliúint agus/nó fostaíocht

Cuimsíonn CGLPD ocht modúl ar leith, modúil a dearadh chun tacú le forbairt iomlánaíoch foghlaimeoirí a bhfuil aitheantas acu agus a bhfuil creat Deartha Uilíoch don Fhoghlaim mar bhonn taca leis ar fud an chreata. Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal meastóireacht tionscadail ilpháirtithe leasmhara a bhainfidh leas as guthanna na bpríomhpháirtithe leasmhara uile trí thaighde eimpíreach a tháirgeadh ar bhonn sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú ó rannpháirtithe uile an tionscadail, lena n-áirítear na foghlaimeoirí, a dteaghligh agus na páirtithe leasmhara pobail.

Ceannaireacht as an gCuimsiú i gClár na Luathbhlianta

Thug an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Eagrúcháin agus Óige (DCEDIY) cuireadh don Cheannaireacht le hAghaidh an Chuimsithe i gCuibhreannas na Luathbhlianta (LINC) faoi stiúir CMGS agus lena n-áirítear Luath-Óige Éireann agus Roinn Froebel Oideachais Bunscoile agus Luath-Óige—Ollscoil Mhá Nuad chun clárú mac léinn ar chlár LINC a leathnú ar feadh bliain acadúil eile ó 2024/2025.

Go dtí seo, ó bunaíodh clár LINC den chéad uair in 2016, bhí 5,153 céimí ann, agus ó 2020 ar aghaidh, tá Clár LINC+ CPD curtha i gcrích ag níos mó ná 2,000 mac léinn. Cuireann clár LINC go mór le líon na mac léinn i nDámh an Oideachais, a bhfuil 3,818 díobh anois, nuair a chuirtear mic léinn LINC san áireamh chomh maith.

Seoladh na Meastóireachta Críochnaithí

Seoladh an mheastóireacht deiridh ar Chéim a hAon de chlár LINC i mí an Mheithimh 2024. Cuireann an mheastóireacht leis an Meastóireacht Eatramhach ar Chlár LINC a foilsíodh in 2019. Ba é Cuibhreannas Chlár na Ceannaireachta um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC), ina bhfuil CMGS, Luath-Óige Éireann agus Ollscoil Mhaigh Nuad-Roinn Oideachais Bunscoile agus Luath-Óige Froebel, a d'óstáil Seoladh na Meastóireachta Críochnaithí ar Chéim a hAon de Chlár na Ceannaireachta um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC) 2016-2020 ar an 6 Meitheamh 2024.

Athdhearbhaítear sa tuarascáil tionchar mór an chláir, agus béim á leagan ar an ról rithabhachtach atá aige maidir leis an eolas agus na scileanna is gá a thabhairt do Chomhordaitheoirí Cuimsithe (INCONna) chun timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú inar féidir le gach leanbh a bheith rathúil.

Thug Teresa Heeney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Luath-Óige Éireann, moladh do Chlár LINC, á rá “go raibh sé tar éis forbairt ghairmiúil d’oideoirí a fheabhsú go mór” in earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus go mbaineann an iliomad leanaí ar fud na hÉireann tairbhe as anois.

Ainmníodh Cuibhreannas LINC ag na Gradaim Oideachais sna catagóirí an Fhoireann Mhargaíochta/Chumarsáide is Fearr, an tEispéireas Foghlama is Fearr ar Líne agus an Tionscadal Taighde is Fearr.

BARR FEABHAIS SA TEAGASC & SAN FHOGHLAIM

Creidiúnú Clár CÉIM

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar gach clár tosaigh oideachais múinteoirí atá ag CMGS agus tagairt á déanamh aici do [Céim: Standards for Initial Teacher Education](#), arna fhoilsiú ag an gComhairle Mhúinteoireachta i mí Dheireadh Fómhair 2020. Rinneadh an t-athbhreithniú sin tar éis tréimhse dhian comhairliúcháin na Comhairle Múinteoireachta i gcomhar le gach soláthraí OTM ó mhí Dheireadh Fómhair 2019. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Aibreáin 2023, d’ullmhaigh Dámh an Oideachais an doiciméadacht chun na 11 chlár a liostaítear thíos a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Bhí croíluchanna an chomhairliúcháin, an chomhair, an choláisteachais, na rannpháirtíochta agus an daonlathais mar bhonn taca leis an bpróiseas agus bhí tiomantas ann do bhailiú agus d’anailís sonraí in iarrachtaí na dáimhe deiseanna eile a shainaitheint seachas comhlíonadh le linn an phróisis athchreidiúnaithe.

[Aon Cheann Déag de Chláir Aontas na Múinteoirí Tosaigh Dhámh an Oideachais a Cuireadh Faoi Bhráid na Comhairle Múinteoireachta:](#)

Teideal Cláir

Baitsiléir Oideachais (B Oid)

Teideal Cláir

B Oid Idirnáisiúnta

B Oid san Oideachas agus sa tSíceolaíocht

Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile)

BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht

Ba san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Staidéar Reiligiúnach

BA san Oideachas, sa Ghaeilge agus sa Staidéar Gnó

BA san Oideachas, sa Ghaeilge agus sa Staidéar Reiligiúnach

BA san Oideachas, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge

BA san Oideachas, sa Mhatamaitic agus sa Staidéar Gnó

BA san Oideachas, san Eacnamaíocht Baile agus sa Staidéar Gnó (ar cuireadh tús leis sa bhliain acadúil 23/24)

Cuairt agus Torthaí an Phainéal Athbhreithnithe

Mar Chéim Deiridh sa phróiseas athchreidiúnaithe, thug Painéal Athbhreithnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta cuairt ar CMGS Luimnigh agus CMGS Dhurlais an 22 agus an 23 Deireadh Fómhair. Bhuaileadh comhghleacaithe ar fud na Dáimhe leis an bpainéal agus rinne siad cur i láthair os a chomhair. Lorg an painéal ábhar ó chéimithe, mic léinn reatha agus ó iar-phríomhoidí. Ag deireadh na cuairte, chuir comhaltaí an Phainéal Athbhreithnithe in iúl go raibh siad an-bhuíoch as an bhfáilte chroíúil, an doiciméadacht chuimsitheach a fuair siad agus gairmiúlacht na gcomhghleacaithe uile ar bhuaileadh siad leo le linn a gcuairteanna.

Tar éis do Phainéal Athbhreithnithe na Comhairle Múinteoireachta cuairt a thabhairt ar CMGS Luimneach agus CMGS Dhurlais an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair maidir le creidiúnú 11 chlár oiliúna tosaigh múinteoirí CMGS, fuair CMGS tuarascálacha Phainéal Athbhreithnithe na Comhairle Múinteoireachta an 13 Nollaig 2023.

Chuaigh Painéal Athbhreithnithe na Comhairle Múinteoireachta go croílár gach ceann de na cláir ar bhealach cuimsitheach, dian, mionchúiseach agus barántúil. Go sonrach, thug Painéal Athbhreithnithe na Comhairle Múinteoireachta dá aire "tiomantas domhain na foirne oideachas tosaigh ardcháilíochta a sholáthar i CMGS" agus d'aithin sé "an oscailteacht agus an déine lenar bhain CMGS, Luimneach, úsáid as an bpróiseas creidiúnaithe chun a gcreat coincheapúil bunaidh a léiriú, a athbhreithniú agus a athshamhlú chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh struchtúr agus dearadh foriomlán an chlár ag teacht go hiomlán leis an 'Céim: Standards for Initial Teacher Education'.

Chomhlíon an 11 chlár OTM atá á seachadadh ag CMGS Luimnigh agus CMGS Dhurlais na critéir go léir a leagtar amach i ndoiciméad na Comhairle Múinteoireachta: Céim: Caighdeán le haghaidh Oideachas Tosaigh Múinteoirí ar an leibhéal barr feabhais is airde. Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta in iúl don Choláiste go ndeonófaí athchreidiúnú ar choinníoll go leigheasfaí an neamhchomhlíontacht le cóimheas 1:15 idir mic léinn agus múinteoirí de chuid na Comhairle Múinteoireachta sna cláir lena mbaineann laistigh de 6 mhí.

Cóimheas Idir Mic Léin agus Baill Foirne

Maidir leis na príomhchláir (B Oid/B Oid in Oideachas & Síceolaíocht agus MGO), príomhchritéar comhlíontachta a bhaineann leis an gcóimheas idir baill foirne agus mic léinn. Chuir an Coláiste plean earcaíochta mionsonraithe faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le méadú céimnithe ar an bhfoireann agus tar éis socruithe cistiúcháin a thabhairt chun

críche tá cóimheas 15:1 i bhfeidhm anois.

Dochtúireacht Ghairmiúil i Síceolaíocht Oideachais agus Leanai (DECPsy)

Bhí meabhráin Chomhaontaithe in éineacht le FSS agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) ag céimeanna éagsúla dá gcur i gcrích. De réir an Mheabhráin Comhaontaithe Uimh. 40 le FSS, a bhí i bhfeidhm le haghaidh trí chohórt oiliúnaithe (2023-26, 2024-27, 2025-28), comhaontaíodh seacht n-áit chistithe le haghaidh Bhliain Airgeadais 2024-25. Chlúdaigh FSS 60 % de na táillí agus chuir sé tuarastal thart ar €41,000 ar fáil d'oiliúnaithe. Chlúdaigh an Meabhrán Comhaontaithe in éineacht leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais cohórt amháin oiliúnaithe (2023-26). Bhí socruithe cistiúcháin le haghaidh Bhliain Acadúil 2024/25 fós le comhaontú leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, agus bhí cruinniú beartaithe chun socruithe sparánachta le haghaidh Bhliain Acadúil 2024/25 a shoiléiriú agus chun béim a leagan ar an ngá atá le pleanáil níos fadtéarmaí.

Bhain formhór na n-oiliúnaithe i mBliain 2 agus i mBliain 3 leas as sparánacht €30,000 in aghaidh na bliana ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ag tosú i mí Eanáir 2023. Bhí Meabhráin Chomhaontaithe i bhfeidhm in éineacht leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le haghaidh na gcohórt sin.

Bhain deichniúr oiliúnaithe DECPsy céim amach ag Searmanas Bronnta Céime CMGS Dé hAoine, an 27 Deireadh Fómhair.

Staidéar Forbartha Curaclaim agus Comhairliúcháin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Mar chuid d'athfhorbairt an Churaclaim Bunscoile, sheol an **Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** an próiseas comhairliúcháin le haghaidh cúig réimse: Oideachas sna hEalaíona; Teangacha Eachtracha Nua-Aimseartha i gCuraclam na Príomhtheangacha; Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil; Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta; agus an Fholláine.

Áiríodh sa phróiseas comhairliúcháin roinnt comhpháirteanna, lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn, ceistneoirí, agus imeachtaí fócasghrúpa. Bhí impleachtaí suntasacha ag an gCuraclam Bunscoile athfhorbartha le haghaidh Oideachas Tosaigh Múinteoirí (Iasmuigh den Chéim). D'oibrigh Dámh an Oideachais ar chríochnú na haighneachta scríofa le haghaidh gach ceann de na cúig réimse a chríochnú. Mar chuid den ullmhúchán sin, eagraíodh maidin teorúcháin maidir leis na sonraíochtaí curaclaim nua Dé Céadaoin, an 27 Márta.

Rud is tábhachtaí ná sin, ba iad comhaltaí na Dáimhe a bhí i gceannas ar cheithre cinn de na grúpaí forbartha curaclaim a d'éascaigh na seisiúin faisnéise, nó a bhí ina bpríomhspeisialtóirí orthu.

- **Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta:** An tOll. Anthony Leavy
- **Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil:** An Dr Anne Dolan
- **Oideachas sna Dána:** An Dr Ailbhe Kenny & an Dr Dorothy Morrissey
- **Folláine:** An Dr Richard Bowles, an Dr Gerard Farrelly & an Dr Margaret Nohilly

Aitheantas Ghradaim DELTA

Bhí Foireann Oideachais Múinteoirí Fisicoideachais ag CMGS ar cheann de cheithre fhoireann ar bhonn náisiúnta a ndearna an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) onóir a thabhairt dóibh as a

'rannchuidiú suntasach' ag na Gradaim um Barrfheabhas Idirdhisciplíneach san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnú (DELTA) an 29 Bealtaine.

Rinne an searmanas ceiliúradh ar éachtaí iontacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a rinne foirne ó institiúidí breisoideachais ar fud na hÉireann. Is í an Dr Katherine Whitehurst, Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama ag an Ionad LEAD, a chuir foireann CMGS i láthair ag an ócáid. Ba é an Dr Michelle Dillon a bhí i gceannas ar an bhfoireann agus ina measc bhí an tOllamh Déirdre Ní Chróinín, an Dr Richard Bowles, an Dr Niamh Kitching, Laura Harrison agus an Dr Rosemarie Martin mar aon le mic léinn taighde iarchéime Grace Cardiff agus Gráinne Regan, agus mic léinn fochéime Rachel Dwyer agus Emma Tarrant.

An 25 Aibreán, bronnadh dhá Ghradam Oideachais iomráiteacha ar CMGS mar aitheantas ar bharr feabhais i réimsí na hÉagsúlachta, an ionchuimsithe agus an Chomhair Acadúil Pobail. Bronnadh Gradam an Chomhoibrithe Acadúil Pobail is Fearr ar CMGS agus ar Lárionad Mhainistir na Corann don Uathachas as a gcomhpháirtíocht sheanbhunaithe maidir leis an Teastas Céimithe, an Dioplóma Céimithe agus an MA i Staidéar an Uathachais a chur i gcrích.


FORBAIRT AN CHAMPAIS & INBHUANAITHEACTH

Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Rinne Coláiste Mhuire Gan Smál dul chun cinn suntasach maidir lena chlár oibre um ghníomhú ar son na haeráide agus um inbhuanaitheacht a chur chun cinn le linn na bliana acadúla 2023/24, rud a léirigh ceannaireacht maidir le haghaidh a thabhairt ar cheann de dhúshláin shainiúla ár linne. Tá ár dtiomantas don mhaoirseacht chomhshaoil ag teacht lenár misean institiúideach agus lenár luachanna institiúideacha, agus ár n-oibleagáidí faoi Shainordú na hEanála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide á gcomhlíonadh ag an am céanna.

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Gníomhaíochta Aeráide

Rinneadh dul chun cinn eisceachtúil inár n-iarrachtaí dícharbónúcháin le linn 2023/24. D'éirigh leis an gColáiste a n-astaíochtaí a laghdú 113,038 kg CO₂, rud a d'fhág nár cuireadh 113 thona d'astaíochtaí carbóin isteach san atmaisféar. Is siombail é an t-éacht suntasach sin agus ár dtiomantas institiúideach do ghníomhú ar son na haeráide agus d'iarrachtaí comhchoiteanna ár bpobail campais.



Foinse: Tuarascáil Faireacháin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le haghaidh CMGS, 2024

Laghdaíodh ár n-úsáid fuinnimh phríomhúil ar fud na gcineálacha fuinnimh uile, agus tháinig laghdú 532,720 kWh ar fhuinneamh teirmeach (gás agus ceirisín), laghdú 44,833 kWh ar úsáid leictreach, agus laghdú 64 kWh ar astaíochtaí iompair. Tháinig tairbhí comhshaoil agus airgeadais araon as na laghduithe sin, agus shábháil an Coláiste beagnach €60,000 (€59,608) i gcostais fuinnimh le linn na bliana.

Ó bunaíodh ár mbonnlíne in 2018, d'éirigh le CMGS a astaíochtaí a laghdú 18.4 % ar an iomlán, rud a léiríonn dul chun cinn seasta i dtreo ár sprice le haghaidh 2030. Laghdaíodh ár n-astaíochtaí bonnlíne de 1,913,671.5 kgCO₂ go 1,560,751.2 kgCO₂, agus ba an-suntasach iad na hastaíochtaí a bhaineann le leictreachas, ar tháinig laghdú 75% orthu laistigh den laghdú foriomlán.

Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

Léiríodh tiomantas an Choláiste don éifeachtúlacht fuinnimh inár ndeimhnithe feabhsaithe maidir le Rátáil Fuinnimh Foirgneamh. Bhain campas Dhurlais feabhas suntasach amach; chuaigh sé ó rátáil B2 in 2023 go B1 in 2024, agus tháinig laghdú 21% ar astaíochtaí CO₂ ó 38.59 kgCO₂/m² go 30.46 kgCO₂/m². Bhí an t-éacht sin thar a bheith suntasach i bhfianaise aois ár stoic foirgneamh agus léirigh sé iarrachtaí tiomnaithe ár gCoiste Campais Ghlais i nDurlas.

Choinnigh campas Luimnigh a rátáil C3 agus bhain sé amach laghdú beag ar astaíochtaí go 61.66 kgCO₂/m² ó 63.87 kgCO₂/m² an bhliain roimhe. I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le rátálacha a choinneáil ar bun le haghaidh stoc foirgneamh níos sine, ba thoradh dearfach é sin agus léirigh sé ár dtiomantas leanúnach d'éifeachtúlacht fuinnimh ar fud na gcampas uile.

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2030

Is éard atá i dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2030 de chuid CMGS (CAR/CMGS 2030) ár bhfreagairt chuimsitheach ar ghlaó Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide ar cheannaireacht sa ghníomhú ar son na haeráide. Bunaítear leis an treochlár sé chatagóir théamacha lena dtreoraítear ár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta:

1. **Díriú ar Astaíochtaí go Príomha:** Tús áite a thabhairt do laghdú díreach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa
2. **Tailte Institiúide:** An inbhuanaitheacht a fhí isteach inár misean agus inár luachanna
3. **Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim:** Oideachas aeráide a chomhtháthú ar fud na gcuraclam
4. **Taighde & Comhroinnt Eolais:** Taighde agus scaipeadh inbhuanaitheachta a chur chun cinn
5. **Tabhairt le Chéile Comhpháirtíochtaí & Páirtithe Leasmhara** Cineálacha cur chuige comhoibríocha maidir le gníomhú ar son na haeráide
6. **Ceannaireacht & Rialachas:** Cuntasacht agus treoir straitéiseach a chinntiú

Is é ár bpríomhspríoc insoláthartha laghdú 64% ar GCTanna bonnlíne an Choláiste (lena n-áirítear úsáid leictreachais SCOPE 2) go 679 458.3 kg CO₂ faoi 2030, agus chloíomar go daingean le baint amach na sprice uaillmhianaí sin.

Fuinneamh In-athnuaite agus Bonneagar

Thug an Coláiste tús áite don aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh mar bhunchloch dár straitéis inbhuanaitheachta. I measc na bpríomhthionscnamh bhí sprioc 50 kW de phainéil fhótavoltacha ghréine bhreise a shuiteáil faoi Fhómhar 2025, mar aon le staidéir indéantachta le haghaidh córais téimh gheoiteirmigh chun bonneagar atá spleách ar bhreoslaí iontaise a ionadú.

Lenár gclár iarfheistithe domhain, a thosóidh in 2025 leis an tionscadal leabharlainne, déanfar lorg carbóin na leabharlainne a athbhunú go caighdeán na bhFoirgneamh Nach Mór

Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB). Is léiriú é an tionscadal seo ar ár dtiomantas ár dtimpeallacht thógtha a athrú ó bhonn agus ár bhfoirgnimh oidhreacht a chaomhnú ag an am céanna.

Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe

Mar Choláiste Oideachais agus Ealaíon Liobrálach, d'aithin CMGS an fhreagracht uathúil atá orainn oideachas a chur ar na glúnta atá le teacht faoin athrú aeráide agus faoin inbhuanaitheacht. Rinneamar Oideachas a chomhtháthú le bhForbairt Inbhuanaithe (ESD) ar fud ár gclár oideachais múinteoirí, rud a chinntigh go raibh ár gcéimithe in ann an inniúlacht chomhshaoil a fhí isteach i scoileanna.

Leag an Coláiste síos sprioc chun 15 % ar a laghad de na modúil uile ar fud ár bhforála a thabhairt i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus úsáid á baint as Córas Rianaithe, Measúnaithe agus Rátála Inbhuanaitheachta STARS. Léirigh an sprioc uailmhianach sin ár dtiomantas céimithe a tháirgeadh a bhfuil inniúlacht aeráide acu agus atá ullamh chun saol inbhuanaithe eiticíúil a bheith acu.

Oibríochtaí Campais Inbhuanaithe

Lasmuigh dár bpríomhiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí, chuir CMGS tionscnaimh ionchuimsitheacha inbhuanaitheachta chun feidhme ar fud oibríochtaí campais. D'éirigh lenár gclár deighilte dramhaíola saoráidí athchúrsála a chur in ionad araidí 'mála dubh' aon úsáide ar fud an champais, agus chuir ár dtionscnamh campais 'neamhphlaisteach' deireadh le plaistigh aon úsáide ó oibríochtaí an Choláiste.

D'infheistigh an Coláiste i mbonneagar iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear páirceáil shlán rothar leathnaithe agus saoráidí cithfholcadáin faoi bhainistiú uisce chun comaitéireacht ghníomhach a spreagadh, chomh maith le comhoibriú le rothair TFI chun roghanna soghluaisteachta comhroinnte a chur ar fáil.

Taighde agus Nuálaíocht

Lean pobal taighde CMGS de bheith ag cur go mór le heolas aeráide agus inbhuanaitheachta. I measc na n-éachtaí suntasacha a baineadh amach bhí ár rannpháirtíocht sa Tionscadal Aquabalance dar luach €1.3 milliún, an t-imscrúdú ar chleachtais do Bharshaothraithe inbhuanaithe chun tacú le pobail chósta aeráidneodracha, agus ár gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann maidir le cláir oideachais a fhorbairt.

Dúshlán agus Deiseanna

Le linn dúinn ár n-éachtaí a cheiliúradh, d'aithníomar na dúshlán atá romhainn. Bhí bearna 880,192 kgCO₂ fós ann maidir lenár sprioc le haghaidh 2030, rud a d'fhág gur ghá dlús a chur le gníomhaíocht thar gach gné d'astaíochtaí gás ceaptha teasa, go háirithe úsáid breoslaí iontaise. Mar gheall ar aois ár stoic foirgneamh, agus roinnt struchtúr ag druidim le 200 bliain d'aois, bhí dúshlán ar leith ag baint le hiarfheistiú agus feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh.

Tháinig treocht imníoch chun cinn i bpatrúin chomaitéireachta mac léinn, agus beagnach 20 % de mhic léinn CMGS ag comaitéireacht níos mó ná 50 ciliméadar in aghaidh an lae — méadú ollmhór ar na patrúin a bhí ann roimh COVID.

D'oibríomar go dlúth le hAontas na Mac Léinn chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus ar na himpleachtaí comhshaoil a bhaineann leis.

De réir mar a bhogamar ar aghaidh, bhí CMGS fós tiomanta dár spriocanna aeráide a bhaint amach agus ár seasamh mar cheannaire san oideachas inbhuanaitheachta á choinneáil ag an am céanna. Lenár bPlean Straitéiseach nua (2025-2030), cuirfear béim mhór ar lárnacht an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta i ngach gné de mhisean an Choláiste.

Forbairt CMGS Campas Luimnigh

Le linn 2023 agus 2024, chuaigh CMGS ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála le haghaidh thionscadal nua na Leabharlainne in éineacht le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Dul Chun Cinn Seirbhísí Leabharlainne

Maidir le huaillmhian sheanbhunaithe an Choláiste foirgneamh Leabharlainne atá dírithe ar an todhchaí a thógáil ar Champas Luimnigh, tugadh céim mhór chun cinn agus deonaíodh cistiú Státhiste don tionscadal, agus íocfaidh an Coláiste an costas eile as a chiste tiomnaithe féin. Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cead pleanála don tionscadal an 23 Feabhra 2024 agus táthar ag súil go mór leis an bhfoirgneamh nua a thabhairt chun críche in 2027.

An Rannóg Ceannaithe Suíomhanna le haghaidh Spórt

Síníodh conradh chun láithreán a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis a cheannach in aice leis an gColáiste an 17 Meitheamh 2024 agus úsáidfear é chun saoráidí spóirt ilchuspóireacha breise amuigh faoin aer maille le clubtheach a fhorbairt. Ní hamháin go bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh an tsaoráid sin le saoráidí do mhic léinn ar champas Luimnigh ach déanfar foráil léi freisin maidir le héagsúlú deiseanna rannpháirtíochta sa spórt.

Feabhas ar CMGS Campas Dhurlais

Tar éis sheoladh an chláir um Eacnamaíocht Baile ar an gcampas, rinneadh staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí saoráidí a bhaineann go sonrach leis an gclár sin a chur ar fáil ar an gcampas amach anseo. Faoi láthair, baineann CMGS leas as saoráidí cistine Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann i mBaile an Áirséaraigh faoi mheabhrán tuisceana comhaontaithe chun tacú le comhpháirteanna praiticiúla mhic léinn Bhaitsiléir an Oideachais, na hEacnamaíochta Baile agus an Staidéir Gnó.

Mol Staidéir do Mhic Léinn

Thug an Coláiste spás comhaimseartha isteach inar féidir le mic léinn teacht le chéile agus staidéar a dhéanamh, ina n-aonar nó i mbraislí comhoibríocha, sa phríomhfhoirgneamh ar Champas Naomh Pádraig.

FOR-ROCHTAIN, RANNPÁIRTÍOCHT & TIONSCNAIMH PHOBAIL

Lárionad Náisiúnta um Chónascadh Cathrach

Mar gheall ar an gcaidreamh oibre dearfach comhoibríoch idir Coláiste Bhostúin agus CMGS,

agus ar an ngealltanas naisc chathrach a leathnú lasmuigh den Lárchathair Thoir Thuaidh (NEIC) i mBaile Átha Cliath, shainaithin Coláiste Bhostúin an gá le lárionad a bhunú in Éirinn. Bhí an Lárionad Náisiúnta um Chónascadh Cathrach Éireann (NCCCI) a bhí beartaithe le lonnú san Aonad Forbartha Curaclaim i CMGS, a raibh ról straitéiseach aige go dtí seo i gCónascadh Cathrach a fhorbairt in Éirinn.

Cistiú agus Forbairt

D'fhormheas an Roinn Oideachais maoiniú €148,771 in aghaidh na bliana le haghaidh post buan in Aonad Forbartha Curaclaim le haghaidh Príomhbhainisteoir Cur Chun Feidhme Náisiúnta le haghaidh an Tionscadail Cónasctha Cathrach i CMGS. Chuir an tAonad Forbartha Curaclaim iarratas faoi bhráid na Roinne Oideachais ar chistiú breise €432,573 chun foireann agus acmhainní a thabhairt don Lárionad um Chónascadh Cathrach in CMGS go buan.

Reáchtáladh Seóthaispeántas um Chónascadh Cathrach i mBunscoileanna na Lárchathrach Thoir Thuaidh, Baile Átha Cliath, ar an 17 Deireadh Fómhair chun cuairt Dean Stanton Wortham ó Choláiste Bhostúin a cheiliúradh.

D'fhreastail an Roinn Oideachais, a mhaoiníonn an Treoirthionscadal um Chónascadh Cathrach in NEIC, CMGS, TUSLA, Roinn an Taoisigh, Príomhoidí NEIC, daltaí, tuismitheoirí, comhordaitheoirí agus príomhpháirtithe leasmhara ar an taispeántas chun tairbhe an Chónasctha Cathrach in NEIC a cheiliúradh.

Chuir BC agus CMGS iarratas faoi bhráid na Roinne Oideachais ar €13,230 chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar Chuairt Foghlama Ghairmiúil go Coláiste Bhostúin i mí an Mhárta 2024 le haghaidh na 10 bPríomhoidí in NEIC. Thug an chuairt sin deis do na príomhoidí a gcuid saineolais a dhoimhniú agus a dhaingniú trí dhul i mbun piarfhoghlama le príomhoidí i mBostún a bhí i mbun Cónascadh Cathrach a chur i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe le fada. D'aimsigh Coláiste Bhostúin tabhartas maoinithe chun leath de na costais taistil agus chothaithe a thabhaigh na príomhoidí ar an gcuart sin a chumhdach.

Taighde agus Meastóireacht

Chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Cónasctha Cathrach in Éirinn, rinne CMGS taighde agus meastóireacht ar Chónascadh Cathrach freisin. Bhí an Dr Ruth Bourke i gceannas ar an Mearmheastóireacht Neamhspleách ar an gClár Píolótach um Chónascadh Cathrach in NEIC 2020-2023. Chuir an tOllamh Emer Ring tacaíocht chomhairleach ar fáil don mheastóireacht sin, meastóireacht a cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna an 31 Deireadh Fómhair.

In earrach 2024, bunaíodh Oifig an Chláir maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Folláine Leanaí laistigh de Roinn an Taoisigh. Sainaithníodh sé réimse tosaíochta a raibh an t-oideachas go mór chun tosaigh ina measc. An 1 Lúnasa, sheol an Taoiseach ['From Poverty to Potential: a Programme Plan for Child Poverty and Well-Being 2023-2025'](#) [Dul ón mBochtaineacht go Barr Cumais a Bhaint Amach: Plean an Chláir maidir le Bochtaineacht agus Folláine Leanaí 2023-2025]. Ba é ról Oifig an Chláir tionscnaimh idir-rannacha agus trasearnála a chomhordú agus tacú leo chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus chun folláine leanaí a chur chun cinn. I bpléití leis an Roinn Oideachais, cuireadh in iúl gur tháinig dhá thionscnamh CMGS, Cónascadh Cathrach agus an Dochtúireacht Ghairmiúil sa tSíceolaíocht Oideachais agus Leanaí (DECPsy), go díreach faoi raon straitéiseach an Phlean agus go raibh tacaíocht á tabhairt dóibh ar an mbonn sin.

Seoladh Oifigiúil

Bhí an-áthas ar CMGS fáilte a chur roimh an Aire Oideachais, Norma Foley, TD, chuig an gcampas an 30 Bealtaine chun an Lárionad Náisiúnta um Chónascadh Cathrach (NCCCI) a sheoladh — córas ceannródaíoch idirghabhála scoilbhunaithe a forbraíodh i mBostún ar dtús agus a bhfuil mianach mór ann maitheas a dhéanamh ar fud na hÉireann.

D'fhreastail beagnach 100 duine ar an imeacht, lena n-áirítear oifigigh ón Roinn Oideachais, TUSLA, príomhoidí NEIC, Comhordaitheoirí Chónascadh Cathrach Éireann, oideoirí agus foireann CMGS.

Ba í Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chónascadh Cathrach i gColáiste Bhostúin, an tOllamh Mary Walsh, an t-aoi oinigh, agus bhí a comhghleacaithe, an Dr Claire Foley agus Tina Chen-Xu, in éineacht léi. Rinneadh an t-imeacht a bheoshruthú don lucht féachana ar an taobh thall den aigéan.

Tar éis óráid iontach ón Ollamh Walsh, thug an tAire Foley caint fhada uaithi. Mhol sí na tionscnaimh nuálacha cuimsitheacha amhail Cónascadh Cathrach agus rinne sí tagairt ar leith don mhéid a rinne diaspóra na hÉireann.

Rinneadh Cónascadh Cathrach a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht le scoileanna agus seirbhísí agus ba é an Mary E. Walsh Centre for Thriving Children i gColáiste

Bhostúin a bhunaigh ar dtús é. I ndlúthchomhar le Coláiste Bhostúin, agus sa chéad leathnú idirnáisiúnta ar an gclár, ba é CMGS an príomh-chomhpháirtí cur chun feidhme le haghaidh Cónascadh Cathrach in Éirinn.

A bhuí le scéim phiolótach rathúil a bhí ar siúl ó 2020 i 10 mbunscoil de chuid DEIS Banna 1 sa Lárchathair Thoir Thuaidh (NEIC) i mBaile Átha Cliath, leithdháileadh beagnach €600,000 i gcistiú na Roinne Oideachais ar NCCCI chun an clár a fhorbairt agus a leathnú a thuilleadh. Leis sin, ba é €1.8 infheistíocht iomlán na Roinne Oideachais i gCónascadh Cathrach in Éirinn

Rannpháirtíocht an Phobail agus Seirbhís Phobail

Méara CMGS agus Luimnigh a toghadh go díreach

Tar éis na caibidlíochta le RTÉ, comhaontaíodh go ndéanfaí an clár tosaigh le Katie Hannon a chraoladh beo ar an teilifís ón gColáiste an 28 Bealtaine, agus go ndéanfaí díospóireacht ina mbeadh gach ceann de na 15 iarrthóir uile san iomaíocht le bheith ar an gcéad Mhéara Luimnigh riamh a thoghaí go díreach.

D'fhreastail 200 duine ar an díospóireacht, ba í an chéad díospóireacht ar fheachtas Mhéara Luimnigh a thoghadh go díreach riamh a bhí ar an teilifís, agus an chéad uair a craoladh lasmuigh an clár Upfront riamh. Roinneadh an díospóireacht ina dhá phainéal le hábhair lena n-áirítear cumhachtaí na hoifige nua, tithíocht, iompar, cúram sláinte, agus an deighilt tuaithe/uirbeach. Bhí neart plé agus idirghníomhaíochtaí bríomhara ann.

Comhdháil Choimirce Idirghníomhaireachta Dheoise Luimnigh

Tionóladh Comhdháil Choimirce Idirghníomhaireachta Dheoise Luimnigh in CMGS ar an 16 Bealtaine agus díriodh ann ar 'phobal cleachtais' a chruthú agus an mhistéir a bhaint de na próisis maidir le cumhdach chun an saol a dhéanamh níos sábháilte.

Ag imeacht dar teideal 'Working Together to Protect Children and Adults Who May be Vulnerable' [Oibriú le chéile chun Leanaí agus Daoine Fásta a d'fhéadfadh a bheith Leochaileach a Chosaint], rinne ionadaithe ó TUSLA, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón nGarda Síochána cuir i láthair do thart ar 60 duine a bhí i láthair, lena n-áirítear baill foirne ó ghníomhaireachtaí ábhartha, baill de phobail reiligiúnacha, agus daoine tuata.

Tharraing Easpag Luimnigh, Brendan Leahy, aird ar an gcaoi gur deis a bhí san ócáid 'aitheantas a thabhairt arís do na prótacail agus na nósanna imeachta coimirce fairsinge atá faoi stiúir go leor daoine tiomanta ar fud na tíre' chomh maith le fanacht ar an eolas faoi 'fhorbairtí an-suntasach i mbeartais agus i gcleachtais na ngníomhaireachtaí reachtúla.'

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & IONCHUIMSIÚ

I measc na n-iliomad forbairtí dearfacha le linn 2023/24 bhí ceapadh an chéad Stiúrthóra ar CÉI, an tOllamh Lorraine McIlrath; bunaíodh Oifig CÉI; agus tháinig méadú ar fhoireann CÉI go dtí ceathrar, lena n-áirítear Bainisteoir um Fhoréigean agus Ciapadh Gnéis a Chosc agus a Fhreagairt. Chuir foireann níos leithne CMGS leis an obair agus iad ina Seaimpíní CÉI agus ar bhealaí eile.

Bunú agus Fás Oifig CÉI

Forbraíodh Gradaim Tionscadail CÉI do bhaill foirne, do mhic léinn agus do chomhoibriú pobail agus fuair breis agus 20 tionscadal maoiniú. Thug os cionn 70 ball foirne faoin gclár CÉI Ar Líne in 2022/23, agus bhain níos mó ná 30 bean leas as an gClár Advance HE Aurora. Bhí baint ag an oifig CÉI le níos mó ná 70 imeacht le linn na bliana acadúla 2022/23 agus bhí sí ina hóstach ar 48 ceann díobh. Suiteáladh crosairí coisithe Bróid ar an gcampas, lena gcuirtear in iúl go soiléir tábhacht CÉI ag CMGS.

D'oibrigh CÉI chun freagairt uile-choláiste ar dhúshlán shóisialta agus idirnáisiúnta, amhail an cogadh san Úcráin, a fhí le chéile. Lean Sraith Seimineáir CMGS maidir le Teagasc le haghaidh an Chuimsithe agus clár Bhéarla le haghaidh pobail imirceacha ar aghaidh ar an gcaoi sin. Ina theannta sin, sheol Oifig CÉI dhá Scoláireacht Tearmainn iarchéime in 2023 ar bronnadh go rathúil iad agus bhí sí ag glacadh le hiarratais ar cheithre scoláireacht fochéime agus dhá scoláireacht iarchéime le haghaidh 2024/25.

Gradam Athena Swan

I mí an Mheithimh 2022, bronnadh an chéad ghradam cré-umha Athena Swan ar leibhéal na roinne ar Dhámh na nEalaíon, agus chuir Dámh an Oideachais tús lena próiseas iarratais in 2024. Ag tús 2023, cuireadh tús leis an bpróiseas chun gradam cré-umha Athena Swan institiúideach a athnuachan, agus cuireadh isteach é go luath in 2024.

Bronnadh Gradam Cré-Umha Institiúide Athena Swan den dara huair ar CMGS ar an 4 Aibreán. Bhí CMGS ina bhall de Chairt Athena Swan in 2018 agus bhain sé amach an chéad Ghradam Cré-Umha Institiúideach in 2019 ar an gcéad iarratas, éacht iontach. Ba mhór an obair a rinne an tOllamh Lorraine McIlrath, an Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Idirchultúrachas (CÉI) agus foireann CÉI, chun an dara gradam a bhaint amach agus rath na gcuspóirí a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta 4 bliana ó 2019-2023 a chothú.

Príomhéachtaí

Áiríodh an méid seo a leanas ar chuid den mhéid a baineadh amach le linn thráthchlár an chéad Phlean Gníomhaíochta AS:

- Oifig lárnach um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Idirchultúrachas (CÉI) CMGS a chruthú
- Ceapachán Stiúrthóir CÉI agus beirt Cheann Dáimhe CÉI nuacheaptha sna hEalaíona agus san Oideachas
- Forbairt Phlean Straitéiseach CMGS CÉI atá ailínithe le Plean Gníomhaíochta Athena Swan 2019-2023 agus leis an gCairt

Bhain coistí rialachais agus bainistíochta uile 40 % ar a laghad d'ionadaíocht na mban amach, rinneadh Foireann Feidhmiúcháin CMGS a athstruchtúrú, agus tháinig méadú ar ionadaíocht na mban ó 13% go 50 %. Fuair Dámh na nEalaíon CMGS Gradam Roinne Cré-Umha Athena Swan in 2022, agus d'éirigh leis an gColáiste sé Scoláireacht bhliantúla de chuid Ollscoil Sanctuary a fhorbairt agus a bhronnadh.

Le Plean Gníomhaíochta Athena Swan 2023-2027, díródh ar réimsí atá ann cheana agus ar réimsí nua chun gealltanais breise a thabhairt athrú a chur i bhfeidhm ar fud CMGS sna 4 bliana amach romhainn.

Iarratas Dhámh an Oideachais

D'oibrigh Dámh an Oideachais ar iarratas ar Ghradam Athena Swan a chur isteach i gcaitheamh na bliana. Bunaíodh an Fhoireann Féinmheasúnaithe maidir le hiarratas Dhámh an Oideachais ar Ghradam Cré-Umha Athena Swan i Seimeastar 2 AY 23/24. Bhí 16 chomhalta ar SAT agus rinneadh é a fhoroinnt i sé mheitheal:

Meitheal

Próifíl na Mac Léinn

Próifíl Foirne

Tacaíochtaí chun gairmeacha a chur chun cinn

Cultúr, ionchuimsiú agus muintearas

Comhairliúchán idir mic léinn agus baill foirne

Rialachas Coláiste/Dáimhe agus próiseas Athena Swan

Comhaltaí

An Dr John O'Shea, an Dr Deirdre Brady, an Dr Orla Slattery

An Dr Eamonn Mitchell, an Dr Mairéad Hourigan, Frank White

An Dr Ailbhe Kenny, Ivan Daly, an Dr Neasa Ní Chuaig

An Dr Ruth Bourke, an Dr Mary Moloney

An Dr Dorothy Morrissey, an Dr Angela Canny

An Dr Dorothy Morrissey, an tOll. Lorraine McIlrath, Karen Fisher

Seóthaispeántas Ghradaim Thionscadail Céil

D'óstáil Oifig CMGS um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Idirchultúrachas (CÉI) Taispeántas Ghradaim Thionscadail Céil 2023-2024 go luath i mí Mheán Fómhair, áit ar bhailigh an lucht freastail le chéile chun aitheantas a thabhairt do thionchair thionscadail éagsúla EDII a maoiníodh sa bhliain acadúil dheireanach.

Maoiníodh breis agus 20 tionscadal le 2 bhliain anuas agus tharla seoladh oifigiúil Ghradaim Thionscadail Céil 2024-2025 ag an imeacht sin freisin. Bronnadh suimeanna idir €500 agus €5,000 i gcaitheamh na bliana dar gcionn.

Bhí seacht gcur i láthair sa taispeántas sin — ar an láthair agus i bhfíseáin — cuir i láthair inar tarraingíodh air ar thionscnaimh rathúla a tharla ar fud an Choláiste agus an réigiúin. I measc na dtionscadal a reáchtáil baill foirne, mic léinn agus comhpháirtithe pobail bhí:

- Neurodiversity and the Academy
- The Citizenship Referendum: 20 Years On
- Trans Inclusion Workshops for Teacher Education
- WOW! The Wonders of Williams: Enabling Children with Williams Syndrome to Create Digital Resources
- EDNIP World Café and Learning Exchange Event
- Brazilian Urban Instrumental Music from the Late 19th Century and its Entanglements with Race and Gender: A Workshop on Choro
- Migrant Parents and Cooking for Cohesion
- Traveller Parent Engagement in Science for Fun
- Diversity and Intercultural Education Network (DIEN)
- Creating Spaces and Events for Learning and Creativity

Ós ag caint air sin atáimid, ag an gComhdháil náisiúnta Equitas i mí an Mheithimh, thug foireann CMGS agus rannpháirtithe Thionscadal Céil 2023-24 roinnt cur i láthair, chomh maith leis an eochairóráid ó Stiúrthóir Céil, an tOllamh Lorraine McIlrath.

Bronnadh an Gradam Barr Feabhais san Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Comhionannas ar Oifig

CMGS um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Idirchultúrachas (CÉll) ag na Gradaim Oideachais.

Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus Dualgas i leith Chearta an Duine

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Léirigh CMGS tiomantas láidir do chomhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint mar atá ina cheangal faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Bhí an gealltanas sin ag teacht le misean stairiúil an Choláiste maidir le ceartas sóisialta agus rinneadh é a chomhtháthú ina chreat straitéiseach, go háirithe trí na pleananna straitéiseacha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Ailíniú Straitéiseach agus Creat Beartais

Bhí cur chuige CMGS maidir le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú agus idirchultúrachas (CÉll) fite isteach sa phlean straitéiseach 'A Flourishing Learning Community 2020-2023' [Pobal Foghlama faoi Bhláth 2020-2023]. Treisíodh a thuilleadh an treoir straitéiseach sin inar leagadh béim ar éiteas ceartais shóisialta an Choláiste mar gheall ar bheartais agus tionscnaimh éagsúla in éineacht le forbairt Oifig Céll, arna maoirsiú ag stiúrthóir agus foireann.

Bhí sé beartaithe ag an gColáiste oibleagáidí Alt 42 a chomhtháthú i bplean straitéiseach 2024-2028 atá ar na bacáin chun ailíniú leanúnach lena dhualgais reachtúla a áirithiú. Ina theannta sin, bhí próiseas forbartha cumais á fhorbairt do gach ball foirne agus mac léinn CMGS, chomh maith le measúnú foirmiúil. Is éard a bheadh i gceist leis an bpróiseas measúnaithe sin Meitheal agus cleachtadh institiúideach iomlán a fhorbairt chun pobal an choláiste a chur ar an eolas faoi dhualgais agus faoi fhreagrachtaí. Bheadh an measúnú sin ina bhonn eolais freisin faoi fhorbairt straitéiseach CMGS agus faoin straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Idirchultúrachas.

Príomhbheartais Céll & Prionsabail Frithchiníochais

D'fhorbair CMGS beartas nua maidir le saoire foréigin baile chun tacú leis an tsaoire foréigin baile a thug an Rialtas isteach i mí na Samhna 2023, a rabhtas i lár athbhreithniú agus comhairliúchán níos leithne a dhéanamh air.

Threisigh Coláiste Mhuire Gan Smál (CMGS) a thiomantas don éagsúlacht chultúrtha a urramú agus don chothromas a chur chun cinn sa tsochaí le síniú Phrionsabail Frithchiníochais an Údaráis um Ard-Oideachas d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann maidir le Comhionannas Ciníocha. Cuireadh an doiciméad seo i bhfráma freisin agus crochadh é i roinnt spásanna poiblí ar an gcampus.

Sheas Foireann Feidhmiúcháin CMGS, Oifig Céll, agus an Coiste Comhionannais a thuairiscigh don Údarás Rialaithe leis na beartais agus na treoirlínte sin go léir agus rinne siad faireachán orthu agus rinneadh athbhreithniú orthu gach 2 bhliain.

RANNPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA

Comhpháirtíocht CAPES leis an mBrasaíl

Cláraíodh grúpa de 30 múinteoir Brasaíleacha i nDioplóma Céimithe fad bliana sa Mheantóireacht agus sa Cheannaireacht i Scoileanna (Idirnáisiúnta) sa Choláiste, mar thoradh

ar chomhpháirtíocht idir CMGS agus Fondúireacht CAPES, ar fondúireacht phoiblí í laistigh d'Aireacht Ardoideachais na Brasaíle. I lár mhí Lúnasa, thaistil 28 múinteoir ó scoileanna poiblí sa Bhrasaíl go hÉirinn chun dioplóma iarchéime a chríochnú i gceannaireacht agus i mbainistíocht oideachais ag CMGS. Ghlac na hoideoirí páirt i bpróiseas roghnúcháin níos luaithe sa bhliain sin, próiseas arbh é gníomhaireacht chistiúcháin chónaidhme CAPES sa Bhrasaíl a reáchtáil é, agus chumhdaigh rialtas na Brasaíle a gcostais uile le linn na 9 mí a chaith siad in Éirinn.

Ó bhí 2009 ann, tá cláir shoghluaisteachta idirnáisiúnta á gcistiú ag CAPES do 5,000 múinteoir scoile poiblí. Ba é sin an tríú grúpa oideoirí a thaistil chuig CMGS chun oiliúint ceannaireachta oideachais iarchéime a chur i gcrích. Bhí 19 stiúrthóir scoile sa chéad ghrúpa a rinne staidéar i CMGS in 2019.

Comhpháirtíochtaí sna Stáit Aontaithe

Cuairt CMGS ar na Stáit Aontaithe

Tar éis cuairt CMGS ar Ollscoil Notre Dame, Indiana (UND) i mí an Mheithimh, bhí scoláireacht nua le hainmniú in ómós do Jay Caponigro, go ndéana Dia grásta air, arbh é a bhí ina Stiúrthóir ar an Rannpháirtíocht Phobail in UND. Thabharfadh an scoláireacht sin roinnt mac léinn oideachais CMGS ar chuairt ghearr ar UND le haghaidh socrúchán scoile i scoileanna South Bend. Rinneadh tuilleadh plé air sin leis an Dr Brian Ó Conchubhair nuair a thug sé cuairt ar CMGS ón 4-7 Nollaig mar chomhalta de phainéal athbhreithnithe cáilíochta.

An tráthnóna roimh thús Chruinniú Bliantúil Chumann na gColáistí Caitliceacha agus na nOllscoileanna, chuir an tOllamh Eugene Wall, an Dr Holly Cowman, agus an Dr Patricia Kieran fáilte roimh níos mó ná 100 aoi isteach in áit chónaithe Ambasadóir na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe, H.E. Geraldine Byrne Nason. Bhí na haíonna ina n-ionadaithe ar ollscoileanna comhpháirtíochta, go leor acu a bhí i láthair ag an gCruinniú Bliantúil, mar aon le haíonna mór le rá eile. Chuir an ócáid CMGS i mbéal an phobail i mbliain ina raibh sé ag ceiliúradh 125 bliain a bheith ann ó bunaíodh an Coláiste. Ba í seo an dara bliain as a chéile a rinne an tAmbasadóir A.S. Geraldine Byrne Nason agus CMGS an t-imeacht seo a chomhóstáil.

Comhoibriú le Coláiste Bhostúin

Gné ríthábhachtach de ról Chónascadh Cathrach in Éirinn a chomhdhlúthú agus a leathnú ab ea neartú a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht le Coláiste Bhostúin agus leis na páirtithe leasmhara náisiúnta eile in Éirinn. Chuige sin, thug CMGS cuairt ar Choláiste Bhostúin i lár mhí na Bealtaine in éineacht le toscaireacht a bhain le Cónascadh Cathrach ón Roinn Oideachais, TUSLA agus ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Mar is gnách, léiríodh spiorad comhoibrithe thar na bearta agus réitigh sé an bealach do sheoladh an Lárionaid Náisiúnta um Chónascadh Cathrach in CMGS Luimneach níos déanaí sa mhí.

Ós rud é gur tharla an chuairt i gcomhthráth le searmanais bronnata céime Choláiste Bhostúin, bronnadh Dochtúireacht le hOideachas Feidhmiúcháin san Ardoideachas ar Stiúrthóir na Rannpháirtíochta Idirnáisiúnta, Holly Cowman, dar teideal: 'Quality over quantity: Implementing Ireland's new, student-centred national strategy for international higher education' [Cáilíocht seachas cainníocht: cur chun feidhme straitéis náisiúnta nua na hÉireann i leith an bhreiseoideachais idirnáisiúnta atá dírithe ar mhic léinn]

Clár Scoláireachta Notre Dame

An 21 Bealtaine, d'fhreastail an tOllamh Eugene Wall agus an Dr Holly Cowman ar imeacht speisialta a d'óstáil Pádraig Manning, Leas-Ard-Chonsal na hÉireann in Chicago. Thug an ócáid onóir do sheisear mac léinn B Oid ón Tríú Bliain a bhí ar scoláireachtaí ón Keough-Naughton Institute for Irish Studies ag Ollscoil Notre Dame in Indiana. Is scoláireachtaí iad a bunaíodh in ómós do Jay Capanigro, nach maireann, agus chuir siad ar chumas roinnt mac léinn seachtain a chaitheamh i scoileanna South Bend.

Tá Notre Dame ar cheann de na hollscoileanna taighde Caitliceacha is tábhachtaí sna Stáit Aontaithe, agus ba iontach an rud é naisc CMGS ansin a neartú a thuilleadh.

Comhpháirtíocht le St John's University

Ar an 24 Bealtaine thug an tOllamh Eugene Wall agus an Dr Holly Cowman cuairt ar institiúid chomhpháirtíochta CMGS, is é sin St John's University in Queens, Cathair Nua-Eabhrac, agus chuir Oifig an Oideachais Idirnáisiúnta fáilte mhór rompu ann.

Bhí Seimeastar Iarthar na hEorpa agus Iarthar na hEorpa á reáchtáil ag St. John's: D'éirigh go han-mhaith le cláir ghnó in CMGS ar feadh roinnt blianta. Chuir na cláir sin ar a gcumas do mhic léinn St John's staidéar a dhéanamh i dtrí chathair uathúla Eorpacha thar sheimeastar amháin: Luimneach, Páras agus an Róimh.

Ag na Gradaim Oideachais, ainmníodh CMGS agus St John's University sa chatagóir Tionscadal Comhoibrithe Idirnáisiúnta is Fearr le haghaidh Chlár Sheimeastar Iarthar na hEorpa.

Reáchtáladh cruinniú freisin leis an Leas-Ard-Chonsal, Gareth Hargadon, ag Ard-Chonsalacht na hÉireann i Nua-Eabhrac. Mhol sé CMGS as naisc ghníomhacha thorthúla an Choláiste le hinstitiúidí iomadúla ar fud na Stát Aontaithe, agus léiríodh na naisc láidre oideachais sin sa raon clár comhpháirteach luachmhar.

RIALACHAS & STRAITÉIS

Iontaobhaithe CMGS & Údarás Rialaithe (An tÚdarás Rialaithe)

Le 2024 tháinig deireadh le téarma 2018-2024 Údarás Rialaithe CMGS a rinne maoirseacht ar thréimhse iontach fáis agus forbartha sa Choláiste, lena n-áirítear comhtháthú Champas Dhurlais a chomhdhlúthú, cur chun feidhme Phlean Straitéiseach 2018-2024, *A Flourishing Learning Community* [Pobal Foghlama Faoi Bhláth], ceapachán Eugene Wall mar Uachtarán an Choláiste, an próiseas casta lenár áirithíodh go leanfadh tionscadal tógála na leabharlainne de bheith ina thionscadal straitéiseach inmharthana, déileáil leis na cúinsí a tháinig chun cinn le linn phaindéim COVID-19, agus idirphlé mór le hOllscoil Luimnigh arb é is aidhm dó ailíniú struchtúrach níos dlúithe a dhéanamh.

Maidir le hlontaobhaithe CMGS (a bhfuil ceapadh Uachtarán an Choláiste agus treo bhunúsach straitéiseach an Choláiste mar eintiteas i measc na gcumhachtaí forchoimeádta atá acu), bhí orthu aghaidh a thabhairt freisin ar imeachtaí suntasacha le linn na tréimhse sin, agus d'éirigh leo an institiúid a stiúradh trí dhúshláin agus na deiseanna a bhí le tapú a thapú, i gcomhar leis an Údarás Rialaithe. Tá liosta de chomhaltaí gach comhlachta le fáil in Aguisín A den tuarascáil seo, agus tá cuid acu ag fónamh ar cheann amháin díobh nó ar an dá cheann le deich mbliana anuas. Tá an Coláiste faoi chomaoin acu as a seirbhís agus as a n-eagnaíocht i ré ina bhfuil

ceanglais an rialachais ag éirí níos éilithí ná riamh.

Ceapachán an Ollaimh Dermot Nestor mar an 11ú Uachtarán ar an gColáiste

I mí Lúnasa 2024, tar éis próiseas dian earcaíochta agus roghnúcháin a bhí faoi mhaoirseacht lontaobhaithe an Choláiste, d'fhógair CMGS ceapachán an Ollaimh Dermot Nestor — scoláire cáiliúil ar an mBíobla arbh as Cathair Luimnigh ó dhúchas é — rud a d'fhág gurbh é an t-aonú Uachtarán déag ar an gcoláiste. Ag an am, bhí an tOllamh Nestor ag fónamh i Sydney mar Ollamh leis an mBíobla Eabhraise in Ollscoil Chaitliceach na hAstráile, áit a raibh ról lárnacha aige lena n-áirítear Ceann Náisiúnta na Scoile (Diagacht) agus Déan Feidhmiúcháin na Diagachta agus na Fealsúnachta. Ar na cáilíochtaí acadúla atá aige, tá céim BA agus PhD ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath — féiniúlacht na nIosraelach ársa an t-ábhar staidéir is mó a bhfuil spéis aige ann — chomh maith le teist mhaith a bheith air ó thaobh foilseacháin léannta agus maoirseacht ar mhic léinn PhD de. Bhí an ceapachán le tosú ag tús mhí na Samhna 2024 agus ba athrú ré é tar éis don Ollamh Eugene Wall dul ar scor.

Tar éis dó glacadh leis an ról, léirigh an tOllamh Nestor umhlaíocht dhomhain agus buíochas mór, agus thug sé aitheantas d'lontaobhaithe CMGS go háirithe agus dá réamhtheachtaithe as an oidhreacht a d'fhág siad aige. Chuir sé béim ar a uailmhian maidir leis an bhfás institiúideach, agus gheall sé go dtógfadh sé tuilleadh ar oidhreacht Chaitliceach CMGS agus ar an misean atá aige maidir le hoiliúint múinteoirí agus na saorealaíona — misean atá fréamhaithe i bhfis bhunaidh Catherine McAuley. An taithí idirnáisiúnta atá aige, go háirithe i dtionscnaimh atá idirdhisciplíneach, comhoibríoch agus rannpháirteach go hidirnáisiúnta, fágann sí go bhfuil sé i gceannas ar CMGS le linn a chomóradh 125 bliana agus níos faide i gcéin.

Próiseas Idirphlé Straitéisigh CMGS-OL

Le linn na bliana, chruinnigh grúpa idirphlé ardleibhéil ina raibh an bheirt Uachtarán, in éineacht le comhghleacaithe feidhmiúcháin sinsearach, chun féachaint an bhféadfaí caidreamh struchtúrach níos dlúithe a chruthú idir an dá institiúid. Ba é an tOllamh Tom Collins a bhí ina chathaoirleach seachtrach ar an bplé.

Tháinig an grúpa le chéile 16 huaire, lena n-áirítear dhá chruinniú faisnéise leis an Dr Alan Wall, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin HEA chomh maith le cruinnithe leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ba é an toradh a bhí ar an bplé forbairt a dhéanamh ar shraith chomhroinnte tograí agus múnla gaolmhar. Cé nár chomhaontaigh RBATNE go bhféadfaí an múnla a chur i bhfeidhm faoi láthair, tháinig feabhas mór ar mheon na comhpháirtíochta idir OL agus CMGS mar thoradh ar an bpróiseas, rud a leanann de raon comhar nuálach a spreagadh.

Féinmheastóireacht Institiúideach agus Athbhreithniú Cáilíochta

Rinneadh an dara hathbhreithniú cáilíochta ar leibhéal na hinstitiúide ar an gColáiste in 2024, agus cuireadh an t-athbhreithniú deireanach i gcrích in 2017. Mar thoradh ar na hullmhúcháin le haghaidh timthriall athbhreithnithe 2024, cuireadh Tuarascáil chuimsitheach um Féinmheastóireacht Institiúideach (ISER) faoi bhráid Ollscoil Luimnigh, ár gcomhpháirtí creidiúnúcháin, i mí na Nollag 2023.

An Painéal Athbhreithnithe Seachtrach

Cheap Ollscoil Luimnigh painéal athbhreithnithe seachtrach, in éineacht le piaraí acadúla ó earnáil an ardoideachais in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSualainn, chomh maith le

hionadaí ó phobal mhic léinn na hÉireann agus comhghleacaí gairmiúil a rinne ionadaíocht ar mhisean rannpháirtíochta pobail níos leithne na n-institiúidí ardoideachais. Ba iad comhaltaí an phainéil athbhreithnithe Sheachtraigh:

- An tOllamh Emeritus John L. Davies (Cathaoirleach)
- An tOllamh Stella Jones-Devitt, Ollamh leis an Oideolaíocht Chriticiúil, Ollscoil Staffordshire
- An tOllamh Lena Adamson, Ollamh Comhlach leis an tSíceolaíocht, Ollscoil Stócólm
- An Dr Paul O’Leary, Ceann an Chur Chun Cinn Cáilíochta agus Fhorbairt na gClár Acadúil, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Michelle Moore, Speisialtóir Sinsearach ar Chláir Tuismitheoir-Páiste+, Coláiste Náisiúnta na hÉireann
- Sarah Porcenaluk, Iarrthóir Dochtúireachta, Ollscoil na Gaillimhe

Athbhreithniú ar Cháilíocht Institiúideach: Taca Láidir leis an mBarr Feabhais

Thacaigh an Painéal Athbhreithnithe go mór leis an gcultúr agus leis na cleachtais cháilíochta in CMGS. I dtuarascáil chomhaltaí an Phainéil, fuarthas "*a pervasive and well-functioning QA/QE culture, actively supported by a caring and committed staff* [cultúr forleiththeadach dea-fheidhmiúil QA/QE a dtacaíonn an fhoireann chúraim thiomanta go gníomhach leis]" (Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe, 2024, lch. 49). Léiríonn an toradh sin tiomantas comhchoiteann phobal iomlán an Choláiste maidir leis na caighdeáin is airde a choinneáil i ngach gné dá chuid oibre.

Ba dhíol suntais ar leith é an t-aitheantas a thug an Painéal dár gcur chuige ina bhfuil an mac léinn lárnach. Thug siad faoi deara "*a very caring and supportive culture for students at MIC, which is a practical expression of the College's ethos, with an undoubted staff commitment at all levels in helping achieve the best possible student outcomes*" [cultúr lách a thacaíonn go mór leis na mic léinn in CMGS, rud ar léiriú praiticiúil é ar éiteas an Choláiste agus é léir a thiomanta agus atá baill foirne ar gach leibhéal chun a seacht ndícheall a dhéanamh chun mic léinn a chur ar bhóthar a leasa] (Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe, 2024, lch. 18). Deimhnítear leis an mbailíochtú sin go bhfuil ár n-éiteas Caitliceach agus ár misean ceartais shóisialta fós lárnach i ngach gné d’eispéireas na mac léinn.

Leag an Painéal Athbhreithnithe béim freisin ar ár gcur chuige nuálach maidir le cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí, agus thug sé suntas do "*MIC's investment in the e-OLAS system positions the College as potential thought-leaders in the Irish HE sector by utilising data-driven decision-making to continually improve the quality of the student experience*" [cuireann infheistíocht CMGS sa chóras e-OLAS an Coláiste chun cinn mar cheannairí smaointeoireachta féideartha san earnáil Ardoideachais in Éirinn trí úsáid a bhaint as cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí chun cáilíocht eispéireas an mhic léinn a fheabhsú go leanúnach] (Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe, 2024, lch. 49). Cuireann an t-aitheantas sin CMGS ar thús cadhnaíochta i gcleachtais feabhsaithe cáilíochta ar bhonn náisiúnta.

Tugadh moladh ar leith dár n-iarrachtaí taighde, agus d’aithin an Painéal "*a coherent effort to address MIC's aspirations for university-level status through the advancement of research*" [iarracht chomhleanúnach i bhfoirm taighde a chur chun cinn chun mianta CMGS stádas ollscoile a bhaint amach’ agus mhol sé ár gclár forbartha gairmiúla leanúnaí atá "*comprehensive, impressive and effective*" [cuimsitheach, suntasach agus éifeachtach] lena dtacaítear le dul chun cinn sa taighde foirne (Tuarascáil ón bPainéal Athbhreithnithe, 2024, lch. 55).

Mhol lucht an Phainéil ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta seachtracha chomh maith agus

leag siad béim ar ár gcomhpháirtíocht le Scoil Oideachais Lynch Choláiste Bhostúin i dtaca leis an gclár um Chónascadh Cathrach, á rá go raibh sé "*commendable specifically due to its evidence-based initiative [that] empowers teachers and schools to support students and families facing socioeconomic challenges*" [le moladh go háirithe as an tionscnamh fianaise-bhunaithe atá aige lena gcumhachtaítear múinteoirí agus scoileanna chun tacú le daltaí agus teaghlaigh a bhfuil dúshlán shocheacnamaíocha rompu] (Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe, 2024, lch. 55).

Tháinig sástacht na mac léinn chun cinn mar théama comhsheasmhach le linn an athbhreithnithe. Mar a luaigh an Painéal, "*Students from all groups at the site visit expressed very high satisfaction with MIC. All students thought their learning experience to date corresponded with their expectations if not more*" [Labhraíodh le mic léinn den uile chineál le linn na cuairte ar an láthair agus bhí siad go léir an-sásta le CMGS. Cheap gach duine acu go raibh a n-eispéireas foghlama chomh maith lena raibh siad ag súil nó níos fearr, b'fhéidir] (Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe, 2024, lch. 54).

Cuireann an t-athbhreithniú institiúideach sin fíorú neamhspleách ar fáil go leanann Coláiste Mhuire Gan Smál dá mhisean a chomhlíonadh agus próisis láidre dearbhaithe cáilíochta á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. Cuireann moltaí an Phainéil treochlár ar fáil le haghaidh feabhsú leanúnach, lena n-áirítear go gcuirfimid lenár láidreachtaí agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar réimsí forbartha. Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí, treisiúnn an bailíochtú seachtrach sin ár seasamh mar phríomhinstitiúid in ardoideachas na hÉireann, institiúid atá tiomanta do bharr feabhais sa teagasc, sa taighde agus sa tseirbhís dár bpobal.

Clocha míle agus Tionscnaimh Thábhachtacha um Cháilíocht a Fheabhsú

Athchóiriú ar Nósanna Imeachta Formheasa na gClár Acadúil

Thug CMGS athbhreithniú suntasach chun críche ar a Nós Imeachta Oibriúcháin um Chaighdeán Forbartha na gClár Acadúil, a ceapadh chun a áirithiú go bhfanfaidh cinntí oideachais agus acadúla neamhspleách ar thionchar tráchtála. Bunaíodh Coiste Formheasa Clár Gnó nua (BPAC) chun athbhreithniú a dhéanamh ar inmharthanacht airgeadais agus straitéiseach i gcomhthráth le fiúntas acadúil tograí forbartha agus modhnaithe cláir. Leis an bpróiseas athbhreithnithe trí chéim, neartaíodh rialachas, cosnaíodh sláine acadúil, agus soiléiríodh ról i bhforbairt clár.

Cur chun feidhme Sreabhaidh Oibre Formheasta Clár Nua

Cuimsíonn an creat formheasa trí chéim anois an méid seo a leanas:

- Formheas Coincheapa Tosaigh ón gCoiste um Pleanáil agus Formheas Acadúil (APAC)
- Breithmheas airgeadais agus formheas oibríochtúil BPAC
- Grinnscrúdú acadúil deiridh Choiste Formheasta na gClár Acadúla (APAC)

Thacaigh an sreabhadh oibre sin le trédhearcacht fheabhsaithe, le breithnithe acadúla agus airgeadais a scaradh óna chéile, agus le rannpháirtíocht níos fearr ó na páirtithe leasmhara.

Rannpháirtíocht in Anailís ar Aicmiú Céime Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Ghlac CMGS páirt ghníomhach i dTionscadal Aicmithe Céime Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (2012-2022), agus chuir sé dhá chás-staidéar mhionsonraithe ar fáil:

- Baitsiléir Oideachais (B.Oid.)
- Baitsiléir Ealaíon (BA)

Tugadh aghaidh sna cás-staidéir sin ar athruithe ar struchtúr curaclaim, ar straitéisí teagaisc, ar shamhlacha measúnaithe, agus ar fhad ama, rud a chuir anailís láidir ar fáil ar thosca a d'fhéadfadh cur le hathruithe ar phróifílí aicmithe céime. Chuir CMGS freagraí foirmiúla isteach freisin ar fhiosrúcháin Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun cabhrú leis an meitea-anailís náisiúnta.

Próiseas Athbhreithnithe Cáilíochta 2023-2024

Athbhreithniú ar Cháilíocht Ranna

- An Roinn Diagachta agus Staidéir Reiligiúnacha (curtha i gcrích)
- Roinn na Síceolaíochta (an phleanáil tosaithe; tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh sa tréimhse 2024-2025)
- [Athbhreithniú Cáilíochta ar Sheirbhísí Gairmiúla:](#)
 - Seirbhísí Leabharlainne (curtha i gcrích; moltaí á gcur chun feidhme)
 - Seirbhísí TFC (ar siúl; áirítear tagarmharcáil in aghaidh an dea-chleachtais earnála)

An tAonad Acadúil agus Tacaíochtaí Féinmheastóireachta:

- Teimpléid féinmheastóireachta athbhreithnithe a phíolótú in aonaid roghnaithe chun an t-ailíniú ar cuspóirí straitéiseacha a mhéadú agus tuairisciú atá bunaithe ar fhianaise a fheabhsú

Meastóireacht ar Mhodúil agus Bealaí ina bhfuil Aiseolas Feabhsaithe

- Sásraí aiseolais mac léinn a mhionchoigeartú lena n-áirítear anailísíocht e-OLAS a chomhtháthú le haghaidh athbhreithniú fíor-ama ar leibhéal modúil agus feabhas a chur ar chleachtais um an Lúb a Shlánú.

Tuairisciú Cáilíochta Bliantúil (AQR):

- Comhtháthú neartaithe tacar sonraí institiúideach sa timthriall cáilíochta bliantúil chun tacú le feabhas leanúnach, pleanáil straitéiseach agus comhlíonadh seachtrach

Creat Feidhmíochta Córais

Sheol an tÚdarás um Ard-Oideachas a Chreat Feidhmíochta Córais nua ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2023 agus ina dhiaidh sin d'iarr sé go gcuirfí isteach an chéad dréacht de 'Chomhaontú Feidhmíochta 2024-2028' nua. Tháinig sé sin sna sála ar an dara timthriall d'idirphlé straitéiseach an Údaráis um Ard-Oideachas a thabhairt chun críche agus ar chur chun feidhme an chomhaontaithe roimhe sin (ar a dtugtar an Comhshocrú Feidhmíochta). Is fiú a thabhairt faoi deara gur iarr an painéal seachtrach athbhreithnithe meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht an Choláiste leis an dara timthriall, gur mhol siad go hard an

chaoi ar chuir sé a chomhshocrú feidhmíochta i bhfeidhm agus go ndearna sé cur síos ar chur chuige na hinstitiúide mar chur chuige atá straitéiseach agus dírithe ar an todhchaí araon. B'ínmholta go háirithe feidhmíocht CMGS faoi Phríomhchuspóirí Straitéiseacha 5 agus 6 lenar díriodh ar fheabhas leanúnach ar cháilíocht agus ar bharr feabhais oibríochtúil. Arsa an painéal: *"the MIC response to this objective is exemplary"* [is eiseamláireach í freagairt CMGS ar an gcuspóir sin], agus luaigh sé cumas an Cholaíste maidir le córais dhinimiciúla chomhtháite a fhorbairt amhail QUILLÉ agus e-OLAS. Aithníodh go raibh na nuálaíochtaí sin rithábachtach chun lúfaireacht institiúideach a áirithiú, rud d'fhág go raibh CMGS ábalta *"act quickly in evaluating successes, in having the agility to change strategic and operational outcomes if necessary, and in developing an evidence-based understanding of what...works and what doesn't"* [gníomhú go tapa chun meastóireacht a dhéanamh ar chineálacha ratha, chun an lúfaireacht a bheith aige torthaí straitéiseacha agus oibríochtúla a athrú de réir mar is gá, agus chun tuiscint atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt ar an méid a oibríonn... agus ar an méid nach n-oibríonn]. Measadh gur léiriú é an leibhéal freagrúlachta agus fadbhreathnaitheachta sin ar institiúid acadúil a fheidhmíonn go maith agus atá i dtiúin go mór le dúshláin agus deiseanna earnála.

Agus an Coláiste ag bogadh chuig an gcreat nua, chruinnigh bainistíocht an Cholaíste leis an Údarás um Ard-Oideachas an 24 Eanáir 2023 mar chuid de sceideal na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh Comhaontú Feidhmíochta Córais 2024-2028 a chur isteach agus a ghlacadh. De réir an sceidil, chuir an Coláiste réamhdhréacht faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas i mí na Samhna 2023, agus tionóladh cruinniú an 24 Eanáir mar dheis chun aiseolas a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas maidir le hábhar an dréachta. Bhí próiseas dréachtaithe atriallach ann ar chuid de roinnt rannpháirtíochtaí leis an Údarás um Ard-Oideachas i dtreo ábhar an dréachta a mhionchoigeartú, go dtí mí na Bealtaine 2024, tráth a chuir an Coláiste an Comhaontú isteach go foirmiúil lena ghlacadh. Cuireadh an doiciméad sin os comhair na Foirne Feidhmiúcháin agus an Údaráis Rialaithe sular cuireadh isteach é. Bhí an rannpháirtíocht leis an Údarás um Ard-Oideachas i leith an chéad dréachta cuiditheach agus thacaigh sí leis na cuspóirí a leag an Coláiste amach.

Arduithe Céime Acadúla

Tar éis do chomhaltaí an Údaráis Rialaithe beartas athbhreithnithe arduithe céime a fhorghnas ag deireadh 2023, eisíodh glao ar bhabhta nua arduithe céime an 20 Nollaig 2023. Ceapadh suas le triúr Léachtóirí Sinsearacha i nDámh an Oideachais agus suas le triúr Léachtóirí Sinsearacha i nDámh na nEalaíon.

Is iad na hiarratasóirí ar éirigh leo:

Scoil an Oideachais

- An Dr Anne Dolan, Roinn na Foghlama, na Socháí agus an Oideachais Reiligiúnaigh

- An Dr Mary Moloney, An Roinn Oideolaíochta Machnaimh agus Staidéir Luath-Óige
- An Dr Gwen Moore, An Roinn Oideachais Ealaíon agus Fisiciúil [Dámh](#)

na nEalaíon:

- An Dr Sabine Egger, Roinn an Léinn Ghearmánaigh
- An Dr John Morrissey, Roinn na Tíreolaíochta
- An Dr Róisín Ní Ghairbhí, Roinn na Gaeilge

Mhol an Bord um Arduithe Céime caighdeán na n-iarratas trí chéile a fuarthas agus na caighdeáin an-ard ag a raibh na comhghleacaithe acadúla ag feidhmiú.

D'áitigh an Coláiste go láidir ar a thábhachtaí atá sé cultúr acadúil a bhunú agus a choinneáil ar bun ina n-aithnítear an barr feabhais gairmiúil agus ina dtugtar luach saothair dó tríd an dul chun cinn gairme agus tá sé tiomanta i gcónaí leanúint de bhabhtaí fógraíochta a reáchtáil.

Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla

Achoimre ar Chomhlíontacht don Bhliain Acadúil 2023/2024

Chomhlíon CMGS Acht na dTeangacha Oifigiúla le linn na bliana acadúla 2023/2024. Rinne Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 neartú suntasach ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Go háirithe, le Roinn 4B de Leasú 2021, tugadh isteach oibleagáidí nua ar chomhlachtaí poiblí an Ghaeilge a chur chun cinn agus a úsáid go gníomhach chun críocha oifigiúla. Oibleagáid amháin den sórt sin ab ea tuarascáil ar chomhlíonadh a áireamh i dtuarascáil bhliantúil na hinstiúide.

Buaicphointí 2024

Chuaigh Coiste Comhairleach Sheirbhísí na Gaeilge i dteagmháil leis an oifigeach CMGS a ceapadh faoi Roinn 4B d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (arna leasú). Bhunaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an coiste sin faoi Alt 18(C) de na hAchtanna. Roghnaíodh CMGS chun páirt a ghlacadh i dtaighde faoi stiúir Ollscoil na Gaillimhe. Mar chuid den tionscnamh sin, rinne 187 mball foirne suirbhé anaithnid a bheadh mar bhonn eolais le haghaidh chéad Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge.

Chuir Grúpa Athbhreithnithe na Gaeilge Beartas nua Gaeilge i gcrích, beartas a d'fhormheas Foireann Feidhmiúcháin an Choláiste. Scaipeadh an beartas le haghaidh comhairliúcháin i gcomhréir le prótacal forbartha beartais an choláiste, d'fhormheas *An tÚdarás Rialaithe* é agus tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choláiste.

I gcomhréir le hAlt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, chuir CMGS a thuarascáil maidir le comhlíonadh faoi bhráid an Choimisinéara Teanga ar an 28 Márta. Sainordáíodh an méid seo a leanas sa roinn seo:

- Ní mór gur i nGaeilge 20% ar a laghad den fhógraíocht uile a dhéanann comhlacht poiblí gach bliain
- Ní mór 5% ar a laghad den bhuiséad fógraíochta bliantúil a leithdháileadh ar na meáin Ghaeilge

Léirigh na tionscnaimh sin tiomantas leanúnach CMGS timpeallacht dhátteangach a chothú agus a oibleagáidí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tá dúshláin fós

ann maidir leis an gColáiste a bhunú mar eiseamláir shármhaitheasa chun beocht na Gaeilge a chur in iúl go follasach ar a champais. Cuideoidh plean straitéiseach nua don teanga, a bheidh bunaithe ar bheartas nua-fhormheasta na Gaeilge, chomh maith le ceapachán comhordaitheora nua ar sheirbhísí Gaeilge, leis na cuspóirí rithábachtacha sin a bhaint amach.

FORBHREATHNÚ AIRGEADAIS 2023/24

Feidhmíocht Airgeadais 2023-2024

Thug Coláiste Mhuire Gan Smál an bhliain acadúil 2023-2024 i gcrích agus é ar staid fhóna airgeadais. Gineadh barrachas €1.928 m. Rinneadh cuid shuntasach den bharrachas sin a imfhálú chun an cóimheas riachtanach 1:15 idir baill foirne agus mic léinn a bhaint amach, rud a bhí ina choinníoll in iarratas rathúil an Choláiste ar a sholáthar oideachais ghairmiúil a athchreidiúnú ag Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Tríd an Deontas Maoinithe le haghaidh na Todhchaí, ranníoc an tÚdarás um Ard-Oideachas méid a bhí beartaithe chun rannchuidiú le formhór an chostais a bhí ar an gColáiste agus an cóimheas sin á bhaint amach, méid a leathnaíodh chuig an gColáiste lasmuigh dá leithdháileadh Príomhdheontais le haghaidh na tréimhse. Maidir le cur i gcrích na bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin a ceapadh chun an cóimheas idir baill foirne agus mic léinn a bhaint amach, léiríodh sin den chuid is mó sna Ráitis Airgeadais ina dhiaidh sin le haghaidh 2024-2025.

Léirigh an barrachas sin maoirseacht stuama airgeadais an Choláiste agus cur chuige straitéiseach chun caiteachais athfhillteacha agus forbartha araon a bhainistiú. Mhéadaigh an t-ioncam iomlán go €69.1 m, méid arbh ionann é agus méadú 10% ar an mbliain roimhe sin. Ba é ba chúis leis ná meascán de mhéadú ar chistiú deontais Stáit (suas le €3.4 m), d'ioncam ó tháillí acadúla (suas le €1.2 m), agus d'fhás ar shruthanna ioncaim eile amhail taighde arna chistiú go seachtrach agus cláir iarchéime.

Caiteachas a Bhainistiú

Tháinig méadú freisin ar chaiteachas an Choláiste, is é sin méadú 5% bliain ar bhliain go €68.5 m. I measc na bpríomhspreagthaí costais bhí méadú €3 mhilliún ar phárolla, iad ailínithe le hearcú straitéiseach foirne agus 53 phost nua, agus na 53 phost nua a cruthaíodh, agus méadú €0.9 milliún ar chostais oibríochtúla. I measc na réimsí suntasacha infheistíochta bhí seirbhísí tacaíochta do mhic léinn, taighde, an leabharlann, agus Rialachas agus Straitéis, ar thaifead gach ceann acu méaduithe ar a gcostais a bhí os cionn 20% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Líon na Mac Léinn a Cláraíodh agus Ioncam ó Tháillí

Cláraíodh 5, 349 mac léinn i rith na bliana, agus áirítear leis an bhfigiúr sin an fás leanúnach ar champas CMGS Dhurlais. Chuir an méadú sin ar líon na mac léinn go díreach leis an bhfás ar ioncam ó tháillí, agus ba iad clárúcháin iarchéime fós thart ar 15% líon iomlán na mac léinn.

Forbairt Chaipitil agus Cúlchistí

Bhí cúlchistí an Choláiste láidir fós, agus ba é €38.8 méid na gcúlchistí neamhshrianta (gan Cúlchiste Athluachála a áireamh). Lean leithdháiltí cúlchiste sonracha de thacaíocht a thabhairt do chlár oibre réamhbhreathnaitheach CMGS maidir le forbairt caipitil, go háirithe Tionscadal Suaitheanta na Leabharlainne. Fuarthas cead pleanála i mí Feabhra 2024, agus sheas an Bord Pleanála leis sin i mí Iúil 2024. Ina theannta sin, fuair CMGS suíomh 4 acra i mí an Mheithimh 2024 le gur féidir saoraidí spóirt a fhorbairt amach anseo, rud a chinntíonn go mbeidh fás campais ag teacht le feabhsú eispéireas na mac léinn níos mó ná riamh.

Infheistíocht Infreastruchtúir

Maidir le hinfeistíocht chaipitil, chuir an Coláiste clár mionoibreacha i gcrích faoi Fhoirgnimh agus Eastáit dar luach €1.8 milliún san iomlán, clár a cistíodh go páirteach trí dheontas cineachta €1 mhilliún ón státchiste. Rinneadh dul chun cinn tábhachtach freisin maidir le comhlíonadh soláthair agus rialuithe inmheánacha, rud a chothaíonn muinín sa rialachas agus sa tsláine airgeadais ar bhonn leanúnach.

Rinneadh obair shuntasach sa tréimhse 2023-2024 freisin chun Treochlár CMGS um Ghníomhú ar son na hAeráide agus na creataí pleanála caipitil gaolmhara a thabhairt cothrom le dáta. Ar an gcaoi sin, cinntítear go bhfuil an institiúid fós ailínithe le caighdeáin náisiúnta inbhuanaitheachta agus bonneagair.

Achoimre ar Chúrsaí Airgeadais sa tréimhse 2023-2024

Ioncam	€'000
Deontais Stáit	26,269
Deontais le haghaidh Cláir Eile	2,960
Táillí acadúla	24,994
Cláir Thaighde agus Cláir Fhéinmhaoinithe	4,379
Ioncam eile	2,398
Ioncam Úis agus Infheistíochta	319
Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir	7,833
Ioncam Iomlán	69,152

Amúchadh deontas caipitil stáit	1,309
	70,461

Caiteachas	€'000
Costais foirne	36,684
Speansais oibriúcháin eile	18,470
Dímheas	1,812
Costas pinsin	11,567
Caiteachas Iomlán	68,533

Barrachas don bhliain	1,928
------------------------------	--------------

Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i leith scéimeanna pinsin	(23,420)
Gluaiseacht ar phinsean is infhaighte	23,420
Gnóthachan ar Infheistíochtaí	418
Caillteanas ar Athluacháil Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	(2,906)
Speansas cuimsitheach iomlán don bhliain	(560)

Arna ionadú ag:

Cúlchiste Neamhshrianta:

- Cúlchiste ioncaim agus caiteachais	1,991
- Cúlchiste athluachála	(2,906)

Cúlchiste Srianta:

- Cúlchiste Naomh Pádraig	355
---------------------------	-----

Speansas cuimsitheach iomlán don bhliain	(560)
---	--------------

Ar an iomlán, le sonrú in olltoradh airgeadais CMGS tá cobhsaíocht agus lúfaireacht straitéiseach an Choláiste araon maidir le dul i ngleic le tírdhreach ardoideachais casta atá ag athrú, rud a d'fhág an institiúid in áit mhaith chun tuilleadh fáis agus nuálaíochta a dhéanamh.

SÚIL CHUN CINN: PLEANÁIL STRAITÉISEACH LE HAGHAIDH 2030

Bliain ar Leith a Cheiliúradh

Ba chaibidil an-suaithinseach í an bhliain acadúil 2023–2024 maidir leis an lorg a fhágfaidh Choláiste Mhuire Gan Smál ar an saol mór. Agus 125 bliana den Choláiste á gceiliúradh againn, bhí ceiliúradh á dhéanamh ar an am a chuaigh thart agus ní hamháin sin ach léiríodh ar bhealach cumhachtach freisin a ábharthacht agus a athléimneacht i dtírdhreach oideachais atá ag athrú go tapa. Idir taighde múnlaíthe beartais náisiúnta agus tionscnaimh rannpháirtíochta domhanda agus aitheantais cháilíochta institiúideacha, tá cruthaithe ag CMGS gur ionad barr feabhais léinn, gnóthachtála mac léinn agus tionchair phobail é. Is léiriú iad na cineálacha ratha a léiríodh le linn na tuarascála seo ar thiomantas agus ar chruthaitheacht ár bhfoirne, ár mac léinn agus ár gcomhpháirtithe.

Ardán le haghaidh an Fháis Amach Anseo

Leis an méid a baineadh amach le bliain anuas, tá an Coláiste in ann leanúint den fhás agus den chlaochlú. Le hinfheistíocht straitéiseach i bhforbairt campais, inbhuanaitheacht, cáilíocht acadúil agus cleachtas cuimsitheach, tá an bealach réitithe don chéad chéim uailmhianach eile. Is iomaí cloch mhíle a léiríonn cumas an choláiste chun nuálaíocht agus cúram a úsáid chun bheith ar thús cadhnaíochta agus orthu sin tá an t-athchreidiúnú foirmiúil ar gach clár tosaigh oideachais múinteoirí, an dul chun cinn i dtreo spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide, leathnú an oideachais dochtúireachta, agus bunú an Lárionaid um Chónascadh Cathrach in Éirinn. Is léir ó na tionscnaimh sin ní hamháin go bhfuil CMGS chomh maith lena bhfuiltear ag súil — ach tá caighdeán nua á leagan síos aige freisin.

Pobal a bhfuil Cuspóirí Aige

I rith na bliana, ba neart an phobail an rud ba shuntasáí agus é mar bhonn láidir faoi gach rud a dtugtar faoi in CMGS. Cibé acu i gcuibhreannais taighde, i scéalta faoi rath na mac léinn, i rannpháirtíocht alumni, nó i dtionscadail ionchuimsithe shóisialta, cothaíonn an Coláiste go comhsheasmhach caidrimh atá bunaithe ar an muinín, ar mheas ar a chéile, agus ar an tuiscint chomhroinnte ar chuspóirí. Dearbhaíonn an t-aitheantas a thug an painéal athbhreithnithe do 'chultúr lách tacúil' CMGS nach éiteas teibí atá ann — bíonn sé beo gach lá i seomraí ranga, i bpobail agus i dtionscnaimh chomhoibríocha.

An Bealach Chun Tosaigh a Leagan Amach

Agus muid ag féachaint i dtreo chur chun feidhme ár bPlean Straitéisigh 2025–2030, is toradh agus réamhscéal araon é an scéal a insítear sa tuarascáil seo. Cuireann éachtaí 2023-2024 ardán láidir ar fáil do thodhchaí uailmhianach atá fréamhaithe sa chlaochlú oideachais, sa cheartas sóisialta agus sa tsaoránacht dhomhanda. Leis an gceannaireacht nua, treoir straitéiseach athnuaithe, agus tiomantas buanseasmhach don bharr feabhais, tá CMGS ar tí dul i ngleic leis na blianta amach romhainn le fíis, le muinín agus le cúram, chun solas a chaitheamh ar na glúnta atá le teacht.

Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin 2023-2024



UR2025#03 Att. 4.5.1

AGUISÍN A

Ballraíocht Iontaobhaithe CMGS 2023-2024

An tEaspag Brendan Leahy,
an Dr Áine Lawlor, Cathaoirleach,
an tArd-Easpag Raymond Browne, Leas-Chathaoirleach
An tSiúr Frances Minahan, Siúracha na Trócaire
An Dr Marie Griffin; Sean Burke,
An tAthair Gerard Whelan
Cumann Íosa
An tSiúr Angela Hartigan
Richard Leonard
an tArdeaspag Kieran O'Reilly

Ballraíocht Údarás Rialaithe CMGS 2023-2024

An tUrramach Brendan Leahy (An Cathaoirleach),
an Dr Áine Lawlor
An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán,
an tOllamh Kerstin Mey, Uachtarán OL
An tOllamh Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán Riaracháin Acadúil
Michael Keane, Leas-Uachtarán Riaracháin agus Airgeadais
Cillian Callaghan, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
David Chisanga, Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn,
Emma Barry,
Fachtna O' Driscoll

UR2025#03 Att. 4.5.1

Seán McMahon

Áine Finucane (ar scor ó mhí Aibreán 2024) Mary Considine

An tOllamh Kerstin Mey,

Helen O'Donnell

An Breitheamh Tom O'Donnell,

Catherine Kelly,

an Dr Marie Griffin

Maedhbh Uí Chiagáin,

Eamon Stack

Gerry Reeves

Declan Madden (d'éirigh as i mí na Samhna 2023)

AGUISÍN B

Uimhreacha Bronnta Céime 2023-2024

Clár	Líon Céimithe
BA	163
Ba sa Staidéar Amharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmí	6
BA i gCúram agus Oideachas Luath-Óige	93
BA i Staidéir Luath-Óige	1
BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht	22
BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht	32
BA san Oideachas, sa Ghaeilge, agus sa Staidéar Gnó	41
BA san Oideachas, sa Ghaeilge, agus sa Staidéar ar Reiligiún	8
BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht	9
BA san Oideachas, sa Mhata agus sa Ghaeilge	11
Baitsiléir Ealaíon (BA) - Iomlán	386
Baitsiléir Oideachais (B Oid)	427
B Oid agus Síceolaíocht	43
Baitsiléir Oideachais Idirnáisiúnta	13
Baitsiléir Oideachais (B Oid) - Iomlán	483
Teastas i Léann na Luath-Óige	1
Teastas i Staidéar Oideachais	2
Teastas sa Bhéarla le haghaidh Cuspóirí Acadúla	120
Deimhniú i Sain-Bhéarla chun Críocha Acadúla	28
Teastas i gCeannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC)	537
Teastas sa Fhríotháil Thréadach	23
Teastais - Iomlán	711
Dioplóma larchéime san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta	5
Dioplóma i gCúram agus Oideachas Luath-Óige	1
Dioplómaí - Iomlán	6
Teastas larchéime i Staidéir Uathachais	55
Teastas larchéime sa Cheannaireacht Dhigiteach san Oideachas	1

UR2025#03 Att. 4.5.1

Teastas Céimithe sa Mheáncheannaireacht agus sa Mheantóireacht i
Suímh Bhunscoile agus Iar-bhunscoile 31

Teastais Iarchéime – Iomlán 87

Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas	20
Dioplóma Iarchéime i Staidéir Uathachais	8
Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Dhigiteach san Oideachas	3
Dioplóma Iarchéime san Oideachas	1
Dioplóma Iarchéime san Oideachas le haghaidh na hInbhuanaitheachta agus na Saoránachta Domhanda	1
Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta Ionchuimsitheach	49
Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht na Folláine san Oideachas	2
Dioplóma Iarchéime in Oideachas na Litearthachta	1
Dioplóma Iarchéime sa Mheantóireacht agus sa Cheannaireacht i Scoileanna Idirnáisiúnta	30
Dioplóma Iarchéime sa Lárcheannaireacht agus sa Mheantóireacht i Suímh Bhunscoile agus Iar-bhunscoile	2
Dioplóma Iarchéime i Staidéir Oideachais	1

Dioplóma Iarchéime– Iomlán 118

Máistreacht sna Dána	3
Máistir Ealaíon i dTeangeolaíocht Fheidhmeach	11
Máistir Ealaíon i Staidéir Uathachais	1
Máistir Ealaíon sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas	8
Máistir Ealaíon san Aeráid, Ceartas agus Inbhuanaitheacht	6
Máistreacht Ealaíon sa Stair	9
Máistir Ealaíon i Litríocht Nua-Aimseartha an Bhéarla	13
Máistreacht san Oideachas	18

Máistreacht - Iomlán 69

Máistreacht san Oideachas	14
Máistreacht san Oideachas sa Cheannaireacht Dhigiteach san Oideachas	6
Máistreacht san Oideachas le haghaidh na hInbhuanaitheachta agus na Saoránachta Domhanda	4
Máistreacht san Oideachas i gCeannaireacht agus i mBainistíocht Oideachais	13
Máistreacht san Oideachas Speisialta Ionchuimsitheach	1
Máistreacht san Oideachas i gCeannaireacht na Folláine san Oideachas	9
Máistreacht san Oideachas in Oideachas na Litearthachta	7
Máistreacht san Oideachas sa Lárcheannaireacht agus sa Mheantóireacht i Suímh Bhunscoile agus Iar-bhunscoile	5

UR2025#03 Att. 4.5.1

Máistreacht san Oideachas – Iomlán	59
Dochtúireacht san Fhealsúnacht	13
Dochtúireacht Ghairmiúil i Síceolaíocht Oideachais agus Leanaí	11
Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (PME)	61
Líon iomlán na gCéimithe	2006